Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Iúil 2025
(OR. en)

11949/25

COH 150
SOC 552
FIN 920
ECOFIN 1065
RECH 351
COMPET 776
TELECOM 256
CYBER 219
CLIMA 289
ENV 734
INDEF 78
POLMIL 228
CADREFIN 130
POLGEN 101

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	16 Meitheamh 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE Tuarascáil Bhliantúil 2024 ar an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 322 final.

Faoi iamh: COM(2025) 322 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.6.2025
COM(2025) 322 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Tuarascáil Bhliantúil 2024 ar an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)

CLÁR

Liosta Giorrúchán **2**

Achoimre Feidhmiúcháin **3**

Réamhrá **6**

1.1. STEP: Ceannaireacht theicneolaíoch na hEorpa a neartú **6**

1.2. Cur chuige comhordaithe: 4 Phríomhuirlis a spreagann cur chun feidhme STEP **6**

1.3. Scála cistiúcháin agus fócas straitéiseach **7**

1. UIRLIS 1: Eagraíocht nua chun STEP a chur chun feidhme **9**

1.1. Tascfhórsa STEP **9**

1.2. Líonraí STEP **10**

1.2.1. Líonra STEP sa Choimisiún Eorpach 10

1.2.2. Líonra Phointí Teagmhála Náisiúnta STEP 10

1.3. Feasacht a mhúscailt faoi STEP: seasamh díreach le páirtithe leasmhara taighde agus tionscail **11**

2. UIRLIS 2: Cistiú ón Aontas le haghaidh teicneolaíochtaí straitéiseacha a ailíniú **12**

2.1. Raon feidhme agus cuspóirí STEP a shoiléiriú **12**

2.2. Cláir faoi bhainistíocht dhíreach **13**

2.2.1. Nuálaíocht ghlan a chur chun cinn 17

2.2.2. Dlús a chur le nuálaíochtaí digiteacha agus teicneolaíochta doimhne 19

2.2.3. Bith-theicneolaíochtaí a chumhachtú 21

2.3. Cistí an Bheartais Comhtháthaithe **23**

2.3.1. Anailís ar úsáid STEP sa bheartas comhtháthaithe 25

2.3.2. Glaonna ar thograí faoi chláir an bheartais comhtháthaithe 33

2.3.3. Tionscadail roghnaithe 33

2.4. An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta & InvestEU **34**

3. UIRLIS 3: Feabhas a chur ar infheictheacht le haghaidh tionscadail den scoth — Séala Ceannasachta **35**

3.1. Critéir incháilitheachta **35**

3.2. Dámhachtain an tSéala Ceannasachta **36**

3.3. Na buntáistí a bhaineann le Séala Ceannasachta a fháil **36**

3.4. Staid na hImeartha **37**

4. UIRLIS 4: Rochtain ar chistiú a éascú trí Thairseach STEP **42**

4.1. Tairseach STEP: ionad ilfhreastail d'iarratasóirí tionscadail, d'údaráis phoiblí agus d'infheisteoirí **42**

4.2. STEP mar phointe iontrála aonair píolótach chuig cistiú ón Aontas **43**

5. Rannchuidiú le cuspóirí fadtéarmacha maidir le hiomaíochas **46**

6. Conclúid **46**

Liosta Giorrúchán

Giorrúchán	Sainmhíniú
IS	Intleacht Shaorga
CAPEX	Caiteachas Caipitiúil
CEC	An Ciste Eorpach Cosanta
LSTE	Limistéar Saorthrádála na hEorpa
CFRE	Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa
CSE+	Ciste Sóisialta na hEorpa Plus
EU4Health	Clár Sláinte an Aontais Eorpaigh
BEI	An Banc Eorpach Infheistíochta
CUAC	An Ciste um Aistriú Cóir
CAI	Creat Airgeadais Ilbhliantúil
PTN	Pointe Teagmhála Náisiúnta
NUTS	Aicmiú Comhchoiteann na nAonad Críche maidir le Staidreamh
MRÚ	Measúnú ar Rialú Úinéireachta
OPEX	Caiteachas Oibriúcháin
T&F	Taighde agus Forbairt
T&N	Taighde agus Nuálaíocht
STA	An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta
PTA	Plean Téarnaimh agus Athléimneachta
FBM	Fiontar Beag agus Meánmhéide
STEP	Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip
LUT	Leibhéal na hUllmhachta Teicneolaí

Achoimre Feidhmiúcháin

Leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), baineadh amach **torthaí coincréiteacha i níos lú ná bliain amháin** ó tháinig an Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip i bhfeidhm i mí an Mhárta 2024 mar chuid den athbhreithniú meántéarmach ar Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027.

Tá cuspóirí STEP ailínithe go hiomlán le tosaíochtaí shainordú nua an Choimisiúin. Is é is aidhm dó ceannasacht agus slándáil an Aontais a áirithiú, spleáchais straitéiseacha a laghdú, agus iomaíochas a neartú trí thacú le **forbairt agus monarú teicneolaíochtaí criticiúla** — go háirithe i dteicneolaíochtaí digiteacha agus doimhne, i dteicneolaíochtaí glana atá tíosach ar acmhainní, agus i mbith-theicneolaíochtaí — **a slabhraí luacha faoi seach a neartú**, agus **infheistíocht a dhéanamh sna scileanna is gá le haghaidh poist ardcháilíochta** don aistriú glas agus don aistriú digiteach.

Ní Ciste neamhspleách é STEP. Oibríonn STEP trí **chistí ón Aontas atá ann cheana a chomhtháthú agus a chomhordú** — lena gcomhcheanglaítear cistí arna mbainistiú go díreach ag an gCoimisiún agus cistí arna mbainistiú ag na Ballstáit — lena n-áirithítear go ndírítear infheistíocht phoiblí ar bhealach níos éifeachtaí ar thosaíochtaí criticiúla tionsclaíocha agus teicneolaíocha.

Léirigh an tionscnamh seo de chuid an Aontais **conas is féidir le cistiú ón Aontas freagairt do thosaíochtaí polaitiúla agus rannchuidiú le hiomaíochas agus athléimneacht an Aontais**. Léiríodh acmhainneacht chlaochlaitheach STEP lena chur chuige uathúil, lena ghníomhaíochtaí úsáideoir-lárnacha, agus lena chomhordú ar fud 11 chlár cistiúcháin de chuid an Aontais atá ann cheana — in éagmais buiséad tiomnaithe os cionn breisiú EUR 1,5 billiún leis an gCiste Eorpach Cosanta faoi STEP.

I measc na bpríomh-gharspriocanna sa chéad bhliain seo d'oibríochtaí[1] tá:

- Níos mó ná **EUR** 10 **mbilliún de chistiú a ailíniú ar fud 11 chlár de chuid an Aontais** a rannchuidíonn le STEP faoi **dheireadh 2024**.
- Dúnadh **na chéad ghlaonna STEP de chuid an Aontais** i **mí an Mhárta 2024**, agus go tapa ina dhiaidh sin **glaonna náisiúnta STEP** **faoin mbeartas comhtháthaithe** a seoladh ó **mhí Aibreáin ar aghaidh**.
- Cuireadh **Tairseach STEP** i bhfeidhm i **mí Aibreáin 2024**, rud a chuir ionad ilfhreastail ar fáil d'iarratasóirí, agus tugadh cothrom le dáta í le huirlisí nua lena n-áirítear **deais tionscadail agus léarscáil chistiúcháin**.
- **Nóta Treorach STEP** a fhoilsiú mar Theachtaireacht ón gCoimisiún[2] i **mí na Bealtaine 2024**, mar a shainordaítear leis an Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, lena dtugtar treoir phraiticiúil do na Ballstáit agus do thionscnóirí tionscadail chun cur chun feidhme comhsheasmhach agus éifeachtach a áirithiú ar fud na gclár cistiúcháin.
- Seoladh **suirbhé ón gCoimisiún maidir le rochtain ar chistiú ón Aontas** i **mí Mheán Fómhair 2024** chun ionchur a bhailiú ó pháirtithe leasmhara maidir le feabhas a chur ar inrochtaineacht chistiúcháin.

[1] https://ec.europa.eu/newsroom/budget/items/872570/

[2] Teachtaireacht C/2024/3209 ón gCoimisiún, Nóta Treorach maidir le forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2024/795 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), 2024, le fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:C_202403209

- Ghlac STEP a chéad chéimeanna ar an láthair le **misin theicniúla chuig na Ballstáit** ag tosú i **mí Dheireadh Fómhair 2024**.
- Bronnadh na chéad **tionscadail Séalaí Ceannasachta** i bhfómhar 2024, agus cuireadh chun cinn go poiblí iad trí Thairseach STEP i **mí na Nollag 2024**, rud a chuir borradh faoin infheictheacht agus faoin acmhainneacht líonraithe.

In 2024, rinneadh **os cionn EUR 10 mbilliún de chistí ón Aontas a ailíniú le STEP**, lenar tugadh le chéile **EUR 4,6 billiún** arna stiúradh ag an gCoimisiún Eorpach faoi chúig chlár bainistíochta dírí agus **EUR 5,9 billiún** arna athchlárú ag na Ballstáit agus ag réigiúin faoi Chistí an Bheartais Comhtháthaithe.

Miondealú ar chistiú bainistíochta dírí sna Ballstáit uile (EUR 4,6 billiún) — *féach roinn 2.2.*

- **Teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní: EUR 4 bhilliún** curtha i leataobh[3] don dícharbónú, don leictriú tionsclaíoch agus don mhonaraíocht ghlan.
- **Teicneolaíochtaí digiteacha agus doimhne: EUR 461 mhilliún** curtha i leataobh don intleacht shaorga, don ríomhaireacht chandamach, don mhicrileictreonaic agus don chibearshlándáil.
- **Bith-theicneolaíochtaí: EUR 154 mhilliún** curtha i leataobh don nuálaíocht leighis, d'fhorbairt vacsaíní agus don mhonaraíocht chógaisíochta.

Miondealú ar chistiú an bheartais comhtháthaithe (EUR 5,9 billiún) — *féach roinn 2.3.*

- **EUR 5,9 billiún** i leasuithe formheasta ar chlár chistí an bheartais comhtháthaithe faoi dheireadh 2024 chun cistí forbartha réigiúnaí a ailíniú le cuspóirí STEP.
- **Seoladh glaonna STEP** sa Ghearmáin agus sa Danmhairg cheana féin in 2024.
- **Leis na chéad roghanna tionscadail, cuirtear i dtábhacht raon feidhme STEP** — ó hidrigin ghlas agus córais chandamacha go maoiniú FBManna agus táirgeadh ceallraí glana.

Bhronn an Coimisiún Séalaí STEP[4] (Ceannasachta) ar thionscadail ardcháilíochta — *féach roinn 3*

- **162 thionscadal ardacmhainneachta** ar fud **23 Bhallstát den Aontas**, d'fhonn a n-infheictheacht a fhorbairt agus cistiú nua a mhealladh.
- **Cuirtear Séalaí Ceannasachta chun cinn trí Thairseach STEP**, rud a nascann tionscadail le hinfheisteoirí agus le deiseanna cistiúcháin na mBallstát.
- Bronntar iad faoi chláir de chuid an Aontais amhail Fís Eorpach agus an Ciste don Nuálaíocht, **cuimsítear tionscadail Séalaí Ceannasachta ar fud earnálacha STEP** i dteicneolaíochtaí glana, digiteacha agus bith-theicneolaíochta.

Rochtain ar chistiú a neartú trí Thairseach STEP (Ceannasacht)[5] — *féach roinn 4*

---

[3] Tuigtear gurb é atá i gceist le curtha i leataobh an leithdháileadh buiséadach atá beartaithe le haghaidh clár, glao nó topaic ar leith.

[4] Tagraítear do Shéalaí STEP mar na Séalaí Ceannasachta sa Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip

[5] Tugtar an Tairseach Cheannasachta ar Thairseach STEP sa Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip

- Sheol an Coimisiún Tairseach nua STEP chun **faisnéis faoi dheiseanna cistiúcháin an Aontais a chomhtháthú ar fud chláir uile STEP**.
- Arna sheoladh i **mí Aibreáin 2024**.
- Tá tionscadail Séalaí Ceannasachta, léarscáileanna cistiúcháin náisiúnta, agus **roinn idirghníomhach** 'Faigh Cistiú' le fáil ar mhaithe le nascleanúint níos éasca a dhéanamh ar na deiseanna cistiúcháin atá ar fáil faoi STEP.

Réamhrá

Leis an **gcéad Tuarascáil Bhliantúil seo ar an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)**, tugtar **forléargas comhdhlúite ar a cur chun feidhme in 2024**[6], i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2024/795 maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip. Cuirtear faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil i láthair inti maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i dtreo chuspóirí STEP faoi gach ceann de na cláir a liostaítear in Airteagal 3, lena n-áirítear, i gcás ina mbeidh fáil uirthi, tacaíocht arna soláthar in aghaidh an Bhallstáit agus maidir le tionscadail trasteorann, agus ar an gcaoi sin tugtar léargas comhdhlúite ar thorthaí luatha STEP agus ar a rannchuidiú le hiomaíochas na hEorpa.

Áirítear an méid seo a leanas sa tuarascáil freisin:

- miondealú ar an gcaiteachas foriomlán de réir cláir;
- forléargas ar fheidhmíocht bunaithe ar tháscairí cláir ábhartha;
- anailís ar dháileadh geografach agus teicneolaíoch na dtionscadal ar bronnadh an Séala Ceannasachta orthu; agus
- forléargas ar rannchuidiú STEP le cuspóirí straitéiseacha an Aontais maidir le hiomaíochas fadtéarmach a áirithiú.

Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil meastóireachta eatramhaí ar leithligh maidir le STEP de bhun Airteagal 8 den Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip sa dara leath de 2025.

1.1. STEP: Ceannaireacht theicneolaíoch na hEorpa a neartú

Seoladh STEP chun iomaíochas tionsclaíoch an Aontais a neartú, spleáchais straitéiseacha a laghdú, agus tacú le forbairt agus monarú na dteicneolaíochtaí criticiúla. Seachas ciste neamhspleách a chruthú, **feidhmíonn STEP i gcur chuige nua trí 11 chlár de chuid an Aontais atá ann cheana a chomhordú**, rud a chumasaíonn cur in úsáid níos tapúla agus níos spriocdhírithe acmhainní airgeadais ar fud teicneolaíochtaí digiteacha agus doimhne, teicneolaíochtaí glana atá tíosach ar acmhainní, bith-theicneolaíochtaí, agus na scileanna is gá le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh.

Le STEP, tugtar isteach **creat infheistíochta níos comhtháite agus níos solúbtha** trí chomhordú níos láidre a chomhcheangal leis na Ballstáit, dreasachtaí feabhsaithe do na Ballstáit chun cistiú ón Aontas a atreorú, agus rochtain shimplithe agus úsáideoir-lárnach ar dheiseanna cistiúcháin trí Thairseach STEP agus trí **Shéala Ceannasachta** — lipéad cáilíochta chun borradh a chur faoin infheictheacht agus faoin acmhainneacht chistiúcháin le haghaidh tionscadail ardacmhainneachta.

1.2. Cur chuige comhordaithe: 4 Phríomhuirlis a spreagann cur chun feidhme STEP

Cuireann cur chun feidhme an Rialacháin maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip le 4 uirlis oibríochtúla, a bhfuil an Tuarascáil Bhliantúil struchtúrtha ina leith:

[6] Tuigtear go mbeidh feidhm ag an scoithdháta le haghaidh na sonraí a chuirtear i láthair go dtí an 31 Nollaig 2024. Dá bhrí sin, ní dhéantar glaonna a seoladh in 2024 agus a dúnadh in 2025 a mheas sna méideanna iomlána sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

1. Eagraíocht nua: **líonra pointí teagmhála náisiúnta (PTNanna)** agus **foireann thiomnaithe laistigh den Choimisiún** chun cur chun feidhme STEP a éascú ar fud 11 chlár de chuid an Aontais ar bhealach comhsheasmhach, chun tacú leis na Ballstáit.
2. Cistiú ón Aontas a stiúradh: **cistí ón Aontas atá ann cheana** a dhíriú ar earnálacha agus cuspóirí STEP.
3. Séala Ceannasachta: lipéad cáilíochta nua arna bhronnadh ag an gCoimisiún ar **thionscadail ardcháilíochta** os cionn tairseacha meastóireachta, rud a mhéadaíonn an seans atá acu cistiú a fháil ó chláir STEP.
4. Tairseach STEP: ardán ar líne a sheol an Coimisiún agus a chuireann **pointe iontrála níos soiléire agus níos inrochtana** ar fáil do thionscnóirí tionscadail, d'infheisteoirí agus d'údaráis phoiblí.

FÍOR 1: Forbhreathnú ar na 4 uirlis oibríochtúla

Foinse: An Coimisiún Eorpach.

1.3. Scála cistiúcháin agus fócas straitéiseach

Stiúrann cur chuige nuálach STEP **cistiú ón Aontas ar fud 11 chlár de chuid an Aontais atá ann cheana** (féach Fíor 2 thíos):

- 5 chlár cistiúcháin arna mbainistiú ag an gCoimisiún don mhargadh inmheánach (Fís Eorpach, an Ciste don Nuálaíocht, an Ciste Eorpach Cosanta, an Eoraip Dhigiteach, agus EU4Health);

- 5 chiste a fhaigheann tacaíocht ó imchlúdaigh náisiúnta arna gcistiú ag an Aontas (e.g. Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC), Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA));
- Ionstraim amháin (InvestEU) arna cur chun feidhme le comhpháirtithe an Choimisiúin (e.g., an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI)).

FÍOR 2: Forléargas ar na 11 chlár STEP

Foinse: An Coimisiún Eorpach.

1. UIRLIS 1: Eagraíocht nua chun STEP a chur chun feidhme

1.1. Tascfhórsa STEP

Tar éis an togra ón gCoimisiún ó mhí an Mheithimh 2023[7] chun STEP a bhunú, cruthaíodh Tascfhórsa tiomnaithe STEP agus cuireadh acmhainní ar fáil a ath-leithdháileadh ó sheirbhísí an Choimisiúin a bhfuil baint acu leis na cláir faoi shainchúram STEP.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí Thascfhórsa STEP:

- Cur chun feidhme STEP a éascú agus a chomhordú; agus
- Rannchuidiú le hullmhú an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) a bheidh ann amach anseo maidir le hiomaíochas.

Bhí cur chun feidhme STEP ar fud na gclár a oibríonn faoi rialacha, amlínte agus bunús dlí éagsúil, agus ar fud na mBallstát, ina dhúshlán oibríochtúil ar leith **lena n-éilítear iarrachtaí móra comhordaithe agus soiléirithe**.

[7] COM(2023) 335 final: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:52023PC0335

1.2. Líonraí STEP

1.2.1. Líonra STEP sa Choimisiún Eorpach

I gcomhréir le cineál trasearnálach STEP, bhunaigh Tascfhórsa STEP **líonra inmheánach d'Ard-Stiúrthóireachtaí (ASanna) an Choimisiúin Eorpaigh**, ina bhfuil 14 sheirbhís[8] a bhfuil baint acu le cur chun feidhme chláir chistiúcháin an Aontais faoi STEP nó atá freagrach as na cláir sin a chur chun feidhme. Tháinig an líonra sin le chéile 7 n-uaire in 2024 agus bhí idirghníomhaíochtaí rialta acu i rith na bliana.

1.2.2. Líonra Phointí Teagmhála Náisiúnta STEP

De bhun Airteagal 6 den Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, **cheap na Ballstáit uile,** cé is moite den tSeicia[9] agus d'Éirinn, **a bPointe Teagmhála Náisiúnta STEP faoi seach in 2024**. Tá an grúpa sin d'institiúidí poiblí arna gceapadh go náisiúnta ina líonra de PTNanna STEP faoi chathaoirleacht Stiúrthóir AS BUDG um Ioncam agus um an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil. Le linn 2024, tháinig líonra PTN le chéile 4 huaire ar líne agus go pearsanta. Roinn na comhaltaí a dtaithí, agus thug an Coimisiún soiléireacht maidir le cuspóirí STEP agus roinn sé Séalaí Ceannasachta a bronnadh ar thionscadail go rialta le hionadaithe na mBallstát.

D'fhorbair an Coimisiún doiciméid tagartha chun cur chun feidhme STEP sna Ballstáit a éascú, amhail:

- Nóta Treorach maidir le cur chun feidhme an Rialacháin maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip;
- Bróisiúr le haghaidh Phointí Teagmhála Náisiúnta STEP agus Údaráis Bhainistíochta;
- Fógra maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a mhodhnú chun acmhainní a leithdháileadh ar chuspóirí STEP;
- Treoirlínte maidir le státchabhair réigiúnach;
- Léarscáileanna den chabhair réigiúnach;
- Forléargas ar leasuithe ar chláir an Bheartais Comhtháthaithe arna nglacadh ag an gCoimisiún.

Thairis sin, in 2024, rinne **Tascfhórsa STEP misin san Eastóin, sa Laitvia, sa Liotuáin agus sa Rómáin**, inar chas sé le húdaráis phoiblí, comhlachais tionscail, FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta, agus idirghabhálaithe airgeadais chun feasacht a mhúscailt maidir le STEP agus chun dreasachtaí agus tairbhí STEP d'údaráis bhainistíochta agus do pháirtithe leasmhara eile a d'fhéadfadh a bheith ann sna tíortha sin a chur chun cinn.

Leis an Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, bunaítear **líonra PTNanna STEP i measc Bhallstáit an Aontais.** Chuaigh Tascfhórsa STEP i dteagmháil freisin le tríú tíortha atá comhlachaithe le cláir atá mar bhonn taca faoi STEP (amhail Fís Eorpach), lena n-áirítear tíortha Limistéar Saorthrádála na hEorpa (LSTE).

[8] Is iad comhaltaí an líonra sin AS BUDG, AS CLIMA, AS CNECT, AS COMP, AS DEFIS, AS ECFIN, AS EMPL, AS GROW, HERA, AS REGIO, AS RTD, AS SANTE, SG RECOVER, agus SG.

[9] An 6 Feabhra 2025, cheap an tSeicia Pointe Teagmhála Náisiúnta STEP.

1.3. Feasacht a mhúscailt faoi STEP: seasamh díreach le páirtithe leasmhara taighde agus tionscail

D'fhonn na riachtanais ó thairbhithe féideartha chistiú an Aontais a shainaithint, **reáchtáil Tascfhórsa STEP comhairliúcháin fhorleathana** le páirtithe leasmhara taighde agus tionscail le linn 2024**.**

Ag brath ar líonraí agus ar chainéil atá ann cheana arna mbainistiú go háirithe ag AS GROW[10] (e.g. an Fóram Tionsclaíoch, an Líonra Fiontar Eorpach, an tArdán Comhair do Bhraislí Fiontar) agus eagraíochtaí ionadaíocha earnála a liostaítear i gClár Trédhearcachta an Aontais, chas Tascfhórsa STEP le páirtithe leasmhara tionscail den chuid is mó ach le hinstitiúidí poiblí freisin amhail oifigí Réigiúnacha an Aontais, Pobail Eolais agus Nuálaíochta na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíochtaí, líonra na Réigiún, infheisteoirí agus gníomhaithe eile. Tá thart ar leath de na páirtithe leasmhara ar chas an Tascfhórsa leo in 2024 gníomhach i níos mó ná earnáil STEP amháin ach tá ionadaíocht láidir acu ó earnáil na teicneolaíochta glaine.

Chuaigh Tascfhórsa STEP i dteagmháil le **heintitis nó imeachtaí uile-Aontais** (e.g. EuroChambres, a dhéanann ionadaíocht thar ceann Chomhlachais Tráchtála uile an Aontais, Hannover Messe[11], cruinniú le toscairí FBManna ó na Ballstáit agus Tionól na FBManna arna eagrú ag Uachtaránacht na hUngáire ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh) chomh maith le Ballstáit shonracha. Is iad sin príomhghnéithe an aiseolais a fuarthas maidir le rochtain ar chistiú ón Aontas:

- Saincheisteanna **rialála** agus struchtúracha (ardchostais fuinnimh agus saothair, cothrom iomaíochta státchabhrach, caidreamh idir cistiú/tacaíocht infheistíochta ón Aontas agus cistiú/tacaíocht infheistíochta náisiúnta);
- Dúshláin maidir le cistiú ón Aontas a **stiúradh agus rochtain a fháil air**;
- Bearnaí sa chistiú ar fud **thimthriall na nuálaíochta** (easpa tacaíochta do LUTanna níos mó, gan díriú ar indíoltacht an taighde a dtacaítear leis);
- An gá atá le **cur chuige níos fadtéarmaí** (tréimhse ama CAI róghearr do chobhsaíocht fhadtéarmach an tionscail);
- **Tarraingteacht an Aontais vs tarraingteacht idirnáisiúnta** don tionscal.

[10] An Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna

[11] Tá Hannover Messe ar cheann de na haontaí trádála tionsclaíche is mó ar domhan, a reáchtáiltear gach bliain sa Ghearmáin, agus léiríonn sé nuálaíochtaí san uathoibriú, san fhuinneamh, sa digitiú agus i dteicneolaíochtaí ardmhonaraíochta.

2. UIRLIS 2: Cistiú ón Aontas le haghaidh teicneolaíochtaí straitéiseacha a ailíniú

2.1. Raon feidhme agus cuspóirí STEP a shoiléiriú

De bhun Airteagal 2(7) den Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, thug na comhreachtóirí sainordú don Choimisiún treoraíocht a eisiúint maidir le forálacha áirithe de STEP. Mar fhreagairt air sin, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht an 13 Bealtaine i bhfoirm **Nóta Treorach**[12], lena dtugtar treoir phraiticiúil chun cur chun feidhme comhsheasmhach agus éifeachtach a áirithiú ar fud na gclár cistiúcháin.

Tá trí chuspóir ag an Nóta Treorach:

- **Cuspóirí STEP a shoiléiriú:** Leagtar amach ann na cuspóirí atá mar bhonn taca leis an Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (Airteagal 2), lena soiléirítear príomhchoincheapa amhail slabhraí luacha agus seirbhísí gaolmhara.
- **Na hearnálacha a dtugtar tacaíocht dóibh a léiriú:** Cuireann sé leis na trí earnáil ar thug STEP tosaíocht dóibh — teicneolaíochtaí digiteacha/doimhne, teicneolaíochtaí glana atá tíosach ar acmhainní, bith-theicneolaíochtaí, agus scileanna ábhartha; beidh liosta táscach agus neamh-uileghabhálach de theicneolaíochtaí a bhféadfaí tacú leo ag gabháil leo.
- **Cur leis na coinníollacha chun teicneolaíochtaí criticiúla a mheas:** Mínítear ann na coinníollacha nach mór do theicneolaíochtaí a chomhlíonadh chun go measfar iad a bheith criticiúil, ag díriú ar ghnéithe an Aontais agus ar ghnéithe an mhargaidh inmheánaigh.

Tugtar aghaidh sa Nóta Treorach ar an **gcéad choinníoll STEP** maidir le **nuálaíocht**. Mínítear ann gur cheart tacaíocht STEP a dhíriú ar nuálaíocht cheannródaíoch, agus gur cheart do theicneolaíochtaí criticiúla dhá cheann ar a laghad de na trí ghné nuálacha, atá ag teacht chun cinn agus/nó cheannródaíocha a léiriú. Ina theannta sin, ba cheart do theicneolaíocht chriticiúil acmhainneacht eacnamaíoch mhór a léiriú, a mbeadh na héifeachtaí iarmharta is airde aici i mBallstáit eile, rud a d'fhéadfadh an acmhainneacht eacnamaíoch sa mhargadh inmheánach a mhéadú. Ní dhíríonn STEP ach oiread ar thaighde agus cur in úsáid bunúsach, díríonn sé ar fhorbairt agus ar mhonarú.

Tugtar aghaidh ann freisin ar an **dara coinníoll STEP** maidir le **spleáchais straitéiseacha an Aontais a laghdú nó a chosc**. Mínítear ann go bhféadfaí spleáchais den sórt sin a aithint i ndoiciméid straitéiseacha an Aontais nó a shainaithint nuair a bhíonn spleáchas mór ar sholáthróirí tríú tír. Leagtar amach ann freisin cúig fhachtóir measúnaithe chun treoir a thabhairt d'údaráis chistiúcháin maidir le rannchuidiú teicneolaíochta a chinneadh chun spleáchais straitéiseacha a laghdú nó a chosc.

Bhí ról tábhachtach ag an Nóta Treorach maidir le tacaíocht a thabhairt do **sheirbhísí an Choimisiúin, do PTNanna STEP, agus d'údaráis bhainistíochta** chun **cur chun feidhme comhsheasmhach** a áirithiú ar fud na 11 chlár STEP — cuid acu atá á mbainistiú go díreach ag an gCoimisiún, cuid eile acu faoi bhainistíocht

[12] Teachtaireacht C/2024/3209 ón gCoimisiún, Nóta Treorach maidir le forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2024/795 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), 2024, le fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:C_202403209

chomhroinnte idir an Coimisiún agus na Ballstáit. Leis an gcomhsheasmhacht sin, ráthaíodh gur tugadh tosaíocht do thionscadail ardcháilíochta agus go bhfuair teicneolaíochtaí criticiúla an tacaíocht ba ghá.

Tá STEP leabaithe i gcláir de chuid an Aontais atá ann cheana, gach ceann á chur chun feidhme faoina bhunús dlí féin agus faoi chuspóirí níos leithne. Ina measc sin, is é an Ciste Eorpach Cosanta amháin a fuair atreisiú buiséadach tiomnaithe faoi STEP.

2.2. Cláir faoi bhainistíocht dhíreach

Leithdháileann an Coimisiún cistí ón Aontas trí chláir STEP a bhainistíonn sé go díreach chun **tacú le cuspóirí STEP ar fud an Aontais agus ar fud an mhargaidh inmheánaigh** — in ainneoin STEP a bheith glactha leath bealaigh trí thréimhse CAI agus in ainneoin go bhfuil roinnt cuspóirí beartais á saothrú ag gach clár seachas cuspóirí STEP.

FÍOR 3: Miondealú earnála ar na hacmhainní atá curtha i leataobh do STEP in 2024 (in %)



Foinse: Tuairisciú ó Sheirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh.

In 2024, dúnadh glaonna ar thograí[13] faoi gach ceann de na cúig chlár a bhaineann le STEP atá faoi bhainistíocht dhíreach ar fud na dtrí earnáil STEP: an Ciste don Nuálaíocht[14], Fís Eorpach, an Clár don Eoraip Dhigiteach, EU4Health, agus an Ciste Eorpach Cosanta (CEC) — le hatreisiú buiséadach EUR 1,5 billiún do ghníomhaíochtaí STEP le haghaidh CEC go sonrach.

San iomlán, **EUR 4,6 billiún** a bhí sa **bhuiséad tosaigh a cuireadh i leataobh** chun tacú le teicneolaíochtaí a bhaineann le STEP in 2024[15], ar cuireadh a bhformhór mór ar fáil do theicneolaíochtaí glana atá tíosach ar

[13] Le raon feidhme thuarascáil bhliantúil 2024 STEP, cumhdaítear go heisiach na glaonna ar thograí a bhaineann le STEP agus a raibh a spriocdháta le haghaidh aighneachtaí roimh an 31/12/2024.

[14] Maoinítear an Ciste don Nuálaíocht le hioncam an Chórais Trádála Astaíochtaí (CTA)

[15] Dá bhrí sin, ní dhéantar glaonna a seoladh in 2024 le dúnadh in 2025 a mheas sa Tuarascáil Bhliantúil seo

acmhainní faoin gCiste don Nuálaíocht. Ó 2024 ar aghaidh, dhírigh glao amháin ar thograí go sonrach ar scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt sna hearnálacha a bhaineann le STEP: na 'Cláir Oideachais Speisialaithe i Réimsí Príomh-Acmhainneachta' faoin gClár don Eoraip Dhigiteach. Ina theannta sin, bhí sé d'aidhm ag dhá thopaic CEC táirgí cosanta a fhorbairt a chuideoidh le haghaidh a thabhairt ar an nganntanas saothair agus scileanna atá ríthábhachtach do na teicneolaíochtaí spriocdhírithe.

Thairis sin, faoin gclár Fís Eorpach, sheol an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE) an chéad ghlao tiomnaithe Uas-scálaithe STEP riamh le buiséad EUR 300 milliún in 2025 (lena dtacaítear le suas le EUR 30 milliún in aghaidh an tionscadail) agus le fás réamh-mheasta ag EUR 900 milliún le linn na tréimhse 2025-2027 (buiséad 2025 san áireamh); chomh maith le cúig ghlao lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin a bhaineann le STEP a bhfuil buiséad iomlán EUR 250 milliún ag gabháil leo. Bronnfar Séalaí Ceannasachta faoi ghlao Uas-scálaithe STEP, agus faoi na glaonna lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin a bhaineann le STEP ar thionscadail a bhfuil tairseacha meastóireachta bainte amach acu. Mar sin féin, ní mheastar é sin le haghaidh na méideanna cistiúcháin iomlána le haghaidh 2024 a dtugtar cuntas orthu sa tuarascáil bhliantúil seo, ós rud é nár dúnadh na glaonna ar thograí sa bhliain sin.

TÁBLA 1: Achoimre ar ghlaonna 2024 a bhaineann le STEP ar thograí sna trí earnáil STEP ar fud na gclár a bhaineann le STEP sa bhainistíocht dhíreach (in EUR milliún)

Earnáil	Clár	Topaic an ghlao ar thograí	Buiséad (in EUR milliún)	Oscailte	Dúnta
Teicneolaíocht aí atá glan agus tíosach ar acmhainní	An Ciste don Nuálaíocht	Dícharbónú ginearálta — Tionscadail Mhórscála	EUR 1 700	Samhain '23	Aibreán '24
		Dícharbónú ginearálta — Tionscadail Mheánscála	EUR 500	Samhain '23	Aibreán '24
		Dícharbónú ginearálta — Tionscadail Mhionscála	EUR 200	Samhain '23	Aibreán '24
		Monaraíocht teicneolaíochta glaine	EUR 1 400	Samhain '23	Aibreán '24
		Treoirthionscadail	EUR 200	Samhain '23	Aibreán '24
	An Ciste Eorpach Cosanta	Córais atá neamhspleách ar fhuinneamh agus tíosach ar fhuinneamh le haghaidh campaí míleata	EUR 40	Meitheamh '24	Samhain '24
Iomlán na Teicneolaíochta Glaine	**EUR 4 040**				
Teicneolaíochtaí digiteacha	**Fís Eorpach**	Staidéar Chéim B de Mheá-mhéadracht Spáis Chandamaigh & Aibíocht na Teicneolaíochta	EUR 14	Samhain '23	Aibreán '24
		Teicneolaíochtaí spáis le haghaidh neamhspleáchas agus iomaíochas na hEorpa	EUR 20	Samhain '23	Aibreán '24
	An Clár don Eoraip Dhigiteach	Bunsamhail Eorpach foinse oscailte ardfheidhmíochta a chur ar fáil le haghaidh mionchoigeartú	EUR 25	Feabhra '24	Bealtaine '24
		Cur in úsáid tagartha seirbhísí néalríomhaireachta Eorpacha (forbairtí tionsclaíocha IoT Edge agus Telco Edge)	EUR 30	Feabhra '24	Bealtaine '24
		Cláir Oideachais Speisialaithe i Réimsí Príomh-Acmhainneachta	EUR 55	Iúil '24	Samhain '24
	An Ciste Eorpach Cosanta	Córais aerárthaí comhraic chomhoibríocha gan foireann	EUR 15	Meitheamh '24	Samhain '24

		Cumarsáid shlán agus oiriúnaitheach faoi uisce do chórais faoi uisce gan foireann	EUR 24	Meitheamh '24	Samhain '24
		Modhanna chun bearnaí réaltachta a líonadh	EUR 15	Meitheamh '24	Samhain '24
		Comhpháirteanna leictreonacha	EUR 25	Meitheamh '24	Samhain '24
		Teicneolaíochtaí candamacha	EUR 24	Meitheamh '24	Samhain '24
		Cró ilfheidhmeach agus trasghlacadóir atá bunaithe ar IS	EUR 45	Meitheamh '24	Samhain '24
		Caighdeán cosanta cumarsáide iltoisí	EUR 25	Meitheamh '24	Samhain '24
		Córas aerárthaí gan foireann Eorpach atá beag agus feabhsaithe	EUR 11	Meitheamh '24	Samhain '24
		Cibear-raon Comhoibríoch den Chéad Ghlúin Eile	EUR 48	Meitheamh '24	Samhain '24
		Tonnchruth slán le haghaidh cumarsáid satailíte	EUR 25	Meitheamh '24	Samhain '24
		Córais talún ilchuspóireacha gan foireann	EUR 50	Meitheamh '24	Samhain '24
		Ionsamhlúchán agus oiliúint le haghaidh éigeandálaí leighis	EUR 10	Meitheamh '24	Samhain '24
Iomlán na teicneolaíocht a digití	**461**				
Bith-theicneolaíochtaí	**EU4Health**	An Mol Eorpach Forbartha Vacsaíní	EUR 102	Bealtaine '24	Meán Fómhair '24
		Glao ar thograí chun tacú le frithvíreasaigh nua a fhorbairt	EUR 10	Bealtaine '24	Meán Fómhair '24
		Glao ar thograí chun tacú le teicneolaíochtaí agus próisis nuálacha mhonaraíochta san Aontas chun táirgí íocshláinte a tháirgeadh	EUR 17	Bealtaine '24	Meán Fómhair '24
	An Ciste Eorpach Cosanta	An Chomhghuaillíocht um Fhrithbhearta leighis i réimse na cosanta — Gníomhaíochtaí taighde	EUR 15		
		An Chomhghuaillíocht um Fhrithbhearta leighis i réimse na cosanta —	EUR 10		

		Gníomhaíochtaí forbartha			
Iomlán na Bith-theicneolaíochta	EUR 154				
Iomlán ginearálta			**EUR 4 655**		

Foinse: Tuairisciú ó Sheirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh.

Faoi dheireadh 2024[16], ní raibh meastóireacht déanta go fóill ar iarratais ar thopaicí an Chiste Eorpaigh Cosanta agus na hEorpa Digití[17] · Rinneadh meastóireacht ar gach topaic eile, rud a d'fhág gur **bronnadh EUR 4,9 billiún[18] de chistiú**.

Tugtar miondealú mionsonraithe sna ranna seo a leanas ar thionchar STEP ar fud na dtrí earnáil teicneolaíochta STEP agus lena n-áirítear i mBallstáit agus i réigiúin an Aontais. Tá an anailís réigiúnach ag teacht le **haicmiú staidrimh NUTS2** (NUTS 2024, Eurostat).

2.2.1. Nuálaíocht ghlan a chur chun cinn

Tá an t-aistriú chuig **teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní** i gcroílár straitéis thionsclaíoch agus aeráide na hEorpa, rud atá mar bhonn agus mar thaca ag iarrachtaí an Aontais aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 faoin gComhaontú Glas don Eoraip. Léiríodh é le déanaí i gComhaontú an Aontais maidir le Tionsclaíocht Ghlan[19].

Aithníodh an earnáil sin mar thosaíocht straitéiseach sa Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, agus í ag ailíniú leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta[20], arb é is aidhm dó monarú príomhtheicneolaíochtaí glana laistigh den Eoraip a mhéadú chun ceannasacht theicneolaíoch a áirithiú agus spleáchas ar sholáthróirí seachtracha a laghdú. Is é sin le

[16] Cumhdaítear i dTuarascáil Bhliantúil 2024 na glaonna ar thograí a dúnadh faoin 31-12-2024, gan beann ar cé acu a fógraíodh nó nár fógraíodh na torthaí faoi dheireadh na bliana.

[17] Faoi mhí an Mhárta 2025, tugadh an mheastóireacht chun críche faoi thrí thopaic den Chlár don Eoraip Dhigiteach agus bronnadh 17 Séala Ceannasachta. Déanfar iad a thuairisciú i dTuarascáil Bhliantúil 2025.

[18] Comhfhreagraíonn an méid sin don mhéid iomlán a bronnadh ar na tionscadail a roghnaíodh le haghaidh cistiú faoin gCiste don Nuálaíocht, Fís Eorpach agus EU4Health. Féadfar é a choigeartú ar shíniú na gComhaontuithe Deontais, rud a d'fhéadfadh ranníocaíochtaí aonair a mhodhnú agus ní féidir é a réiteach le EUR 4,6 billiún den mhír thosaigh ina dtagraítear don bhuiséad a leithdháileadh (i gcomparáid le cistiú arna bhronnadh) faoi ghlaonna STEP a dúnadh in 2024 faoi gach ceann de na cúig chlár faoi bhainistíocht dhíreach atá faoi shainchúram STEP.

[19] Teachtaireacht COM/2025/85 ón gCoimisiún, An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú, 2025, le fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:52025DC0085

[20] Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724, le fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:L_202401735

rá, tá infheistíochtaí sna teicneolaíochtaí sin ríthábhachtach ní hamháin chun astaíochtaí a laghdú ach chun iomaíochas tionsclaíoch a neartú agus neamhspleáchas fuinnimh an Aontais a dhaingniú freisin.

I measc na dteicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní tá raon leathan nuálaíochtaí, ó **theicneolaíochtaí in-athnuaite go breoslaí inbhuanaithe, gabháil carbóin, agus teicneolaíochtaí dícharbónaithe**[21].

Is é an **Ciste don Nuálaíocht**, arna chistiú ag Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE), an rannchuiditheoir is mó go mór fada le cuspóirí STEP i measc na gclár atá á mbainistiú go díreach ag an gCoimisiún. Dúnadh an chéad ghlao atá ailínithe le STEP faoin gCiste don Nuálaíocht i mí Aibreáin 2024. Chuir sé buiséad mór EUR 4 bhilliún i leataobh chun tacú le dul chun cinn na teicneolaíochta glaine.

Agus iad struchtúrtha ina gcúig thopaic atá bunaithe ar cheanglais maidir le caiteachas caipitiúil (CAPEX) agus ar fhócas teicneolaíoch, cumhdaíodh sna glaonna réimsí amhail dícharbónú ginearálta, monaraíocht teicneolaíochta glaine, agus treoirthionscadail. Mar is amhlaidh le glaonna uile an Chiste don Nuálaíocht, rinneadh meastóireacht ar thionscadail bunaithe ar acmhainneacht laghdaithe gás ceaptha teasa, leibhéal nuálaíochta, aibíocht, inmhacasamhlaitheacht, agus cost-éifeachtúlacht — rud a áirithíonn dianphróiseas roghnúcháin.

Leithdháileadh tacaíocht shubstaintiúil airgeadais ar thionscadail a roghnaíodh lena gcistiú faoi na glaonna sin. San iomlán, rinneadh **85 thionscadal a réamhroghnú le haghaidh tacaíocht airgeadais EUR 4,8 billiún**[22] **a bronnadh** ar an iomlán, le deontais lenar cumhdaíodh suas le 60 % den chaiteachas caipitil agus den chaiteachas oibriúcháin araon san áireamh i mbearna chistiúcháin na dtionscadal, rud a d'fhág go raibh dóthain spáis ann d'acmhainní airgeadais eile chun an chuid neamhchistithe de na costais incháilithe a chumhdach. I measc na dtionscadal sin, is féidir linn teicneolaíocht cheannródaíoch a fhorbairt chun ceimiceáin agus bloic thógála a tháirgeadh ó dhramhaíl bhithmhaise (L1X) sa tSlóvaic, an chéad stóráil fuinnimh theirmigh umair mórscála faoi thalamh de 20 meigeavata (ScaleUp) san Ostair agus stóráil bhuan dé-ocsaíde carbóin faoi thalamh (Greensand Future) sa Danmhairg[23].

Bronnadh cistiú dar luach EUR 150,6 milliún ar an iomlán ar **thrí thionscnamh trasteorann, iltairbhithe**. Sampla amháin den sórt sin is ea Breathnóir Fuinnimh 2, tionscadal atá ar siúl idir an Fhrainc agus an Ísiltír lena mbeartaítear forbairt, tógáil agus oibriú na chéad lastloinge hidrigine leachtaí ar domhan.

FÍOR 4: Deighilt gheografach na ndeontas arna mbronnadh in earnáil na teicneolaíochta glaine in 2024 ag cláir chistiúcháin a bhaineann le STEP de chuid an Aontais

[21] Tá liosta mionsonraithe neamh-uileghabhálach de theicneolaíochtaí a chumhdaítear leis an Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ar fáil i dTeachtaireacht C/2024/3248 ón gCoimisiún, Nóta Treorach maidir le forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2024/795 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), 2024, le fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:L_202401735

[22] Leis na figiúirí sin tugtar léargas ar thorthaí an ghlao/na nglaonna ábhartha ar thograí. Nuair a shíneofar na comhaontuithe deontais ina dhiaidh sin idir na tionscnóirí tionscadail agus an Coimisiún, féadfar coigeartuithe a dhéanamh ar an líon tionscadal a mbronnfar deontas orthu agus ar na ranníocaíochtaí aonair araon.

[23] Tá tuilleadh sonraí maidir le líon roghnaithe tionscadal a bronnadh le fáil ag: https://strategic-technologies.europa.eu/step-documents_ga



Foinse: Tuairisciú ó Sheirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh.

Ba iad na heintitis a bunaíodh sa Ghearmáin agus sa Bheilg na **faighteoirí ba mhó** i bhfad de dheontais a bhaineann le STEP san earnáil sin, agus fuair siad EUR 661 mhilliún agus EUR 604 mhilliún, faoi seach. Ina dhiaidh sin bhí an Fhrainc (EUR 530 milliún), an Spáinn (EUR 480 milliún), agus an Danmhairg (EUR 417 milliún)[24].

2.2.2. Dlús a chur le nuálaíochtaí digiteacha agus teicneolaíochta doimhne

Tá ról ríthábhachtach ag **teicneolaíochtaí digiteacha agus doimhne** maidir le ceannasacht theicneolaíoch agus athléimneacht dhigiteach na hEorpa a chur chun cinn. Cuimsítear san earnáil sin raon leathan nuálaíochtaí ceannródaíocha, lena n-áirítear an **ardríomhaireacht, an intleacht shaorga (IS), an chibearshlándáil, an mhicrileictreonaic, agus teicneolaíochtaí candamacha**[25] — a bhfuil gach ceann acu bunriachtanach do Chlár Beartais 2030 an Aontais don Deacáid Dhigiteach[26], arb é is aidhm dó feabhas a chur ar bhonneagar digiteach, scileanna agus ceannaireacht theicneolaíoch na hEorpa.

Agus tábhacht straitéiseach na dteicneolaíochtaí sin á haithint, cuireadh tacaíocht STEP in 2024 ar fáil trí dhá thopaic faoin gclár **Fís Eorpach**, trí thrí thopaic faoin **gClár don Eoraip Dhigiteach,** agus trí dhá thopaic

---

[24] Faoi Shéalaí Ceannasachta de chuid an Chiste don Nuálaíocht, le haghaidh tionscadail iltairbhithe atá lonnaithe i níos mó ná réigiún amháin, ríomhtar méid na ranníocaíochta airgeadais a bhronntar ar an réigiún sonrach/ar an mBallstát sonrach tríd an ranníocaíocht iomlán leis an tionscadal a roinnt go cothrom idir a shuíomhanna.

[25] Tá liosta mionsonraithe neamh-uileghabhálach de theicneolaíochtaí a chumhdaítear leis an Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ar fáil i dTeachtaireacht C/2024/3209 ón gCoimisiún, Nóta Treorach maidir le forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2024/795 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), 2024, le fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:C_202403209

[26] CINNEADH (AE) 2022/2481 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach

déag faoin gCiste Eorpach Cosanta. San iomlán, cuireadh buiséad **EUR 461 mhilliún i leataobh** do ghníomhaíochtaí a bhaineann le STEP in earnáil na dteicneolaíochtaí digiteacha in 2024.

Faoi dheireadh 2024, roghnaíodh sé thionscadal le haghaidh cistiú faoi ghlaonna thuasluaite maidir le Fís Eorpach[27], ar bronnadh deontas dóibh lena gcumhdaítear 100 % dá gcostais incháilithe. Tá an mheastóireacht ar na haighneachtaí chuig an gclár don Eoraip Dhigiteach agus chuig an gCiste Eorpach Cosanta fós ar siúl.

San iomlán, leithdháileadh EUR 18,2 milliún ar na tionscadail sin faoi thopaicí a bhfuil lipéad STEP orthu laistigh de Cholún II d'Fhís Eorpach, Braisle 4 ('Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás'). Rinneadh na tionscadail sin uile a chur chun cinn trí chuibhreannais trastíre atá bunaithe ar fud Bhallstáit an Aontais — agus bhí an Iorua agus an Íoslainn incháilithe freisin.

[27] Faoi dheireadh 2024, roghnaíodh na 6 thionscadal le haghaidh cistiú faoin topaic 'Teicneolaíochtaí spáis le haghaidh neamhspleáchas agus iomaíochas na hEorpa'. Cuireadh dámhachtain deontais don tionscadal a roghnaíodh faoin dara topaic siar mar gheall ar tharraingt siar comhpháirtí mhóir amháin sa chuibhreannas. Táthar ag súil le síniú deontais le haghaidh an tionscadail a roghnaíodh faoin dara topaic/glao sin in R2 2025.

FÍOR 5: Deighilt gheografach na ndeontas arna mbronnadh in earnáil na teicneolaíochta digití in 2024 ag cláir chistiúcháin a bhaineann le STEP de chuid an Aontais



Foinse: Tuairisciú ó Sheirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh.

Ar an leibhéal náisiúnta, tháinig eintitis ón **bhFrainc agus ón nGearmáin** chun cinn mar phríomhfhaighteoirí deontas a bhaineann le STEP sa réimse sin, agus fuair siad EUR 9,6 milliún agus EUR 4,4 milliún, faoi seach. Ina dhiaidh sin bhí an Spáinn (EUR 1,5 milliún), agus an Bheilg (EUR 0,8 milliún)[28].

I measc na samplaí de thionscadail tá PUMA, comhar idir tionscnóirí Francacha, Gearmánacha agus Iodálacha lena dtugtar aghaidh ar spleáchais straitéiseacha an Aontais i réimse na micrileictreonaice le haghaidh feidhmeanna spáis agus SPACELINK, áit a ndéanfaidh eintitis ón nGréig, ón nGearmáin, ón bhFrainc agus ón mBeilg comhpháirteanna a fhorbairt i gcomhar le chéile le haghaidh cumarsáid optúil de ghrád spáis[29].

2.2.3. Bith-theicneolaíochtaí a chumhachtú

Tá ról ríthábhachtach ag bith-theicneolaíochtaí maidir le nuálaíocht leighis a chur chun cinn, athléimneacht sláinte a neartú, agus neamhspleáchas straitéiseach na hEorpa i soláthairtí leighis criticiúla a chothú. Cuimsítear san earnáil sin raon leathan réimsí ceannródaíocha, lena n-áirítear **géanómaíocht agus cógasghéanómaíocht, sintéis DNA, innealtóireacht ceall agus fíochán, bithfhaisnéisíocht, agus nana-bhith-theicneolaíochtaí**. Is é is aidhm d'fhócas STEP ar bhith-theicneolaíochtaí dlús a chur leis an nuálaíocht, slándáil an tsoláthair a áirithiú, agus iomaíochas na hEorpa sna heolaíochtaí beatha a threisiú.

[28] I gcás tionscadail atá lonnaithe i níos mó ná suíomh amháin, ríomhtar méid na ranníocaíochta airgeadais a bronnadh ar an Réigiún sonrach/ar an mBallstát sonrach ar bhonn na ranníocaíochta airgeadais a bronnadh don eintiteas nó do na heintitis atá bunaithe ann.

[29] Tá tuilleadh sonraí maidir le líon roghnaithe tionscadal a bronnadh le fáil ag: https://strategic-technologies.europa.eu/step-documents_ga

Tháinig tacaíocht STEP do bhith-theicneolaíochtaí chun cinn in 2024 trí thrí thopaic thiomnaithe a bhaineann le STEP faoin **gclár EU4Health** agus dhá cheann faoin **gCiste Eorpach Cosanta**. Leis na topaicí sin, cuireadh buiséad de níos mó ná **EUR 150 milliún** i leataobh chun tacú le tionscadail atá dírithe ar fhorbairt fhrithvíreasach, ar tháirgeadh vacsaíní, ar mhonarú táirgí íocshláinte riachtanacha agus ar fhrithbhearta leighis cosanta. Is é is aidhm do na hinfheistíochtaí sin feabhas a chur ar ullmhacht na hEorpa do ghéarchéimeanna sláinte amach anseo, spleáchas ar sholáthróirí seachtracha a laghdú, agus an chéad ghlúin eile de dhul chun cinn bithleighis a spreagadh.

Faoi dheireadh 2024, ní dhearnadh meastóireacht ach ar na haighneachtaí chuig na topaicí EU4Health agus cuireadh na torthaí in iúl le thart ar **EUR 130 milliún** san iomlán arna mbronnadh faoi ghlaonna a bhaineann le STEP. Bronnadh deontas ar sheacht dtionscadal, a chumhdaigh idir 60 % agus 80 % dá gcostais incháilithe. Is tionscnaimh iltairbhithe iad ceithre cinn de na tionscadail a fhaigheann tacaíocht agus trí cinn acu arna gcur i gcrích ag cuibhreannais trastíre — tá eintitis ó thríú tíortha comhlachaithe[30] incháilithe freisin. Áirítear orthu sin próiseas leanúnach spraethriomaithe cógaisíochta a fhorbairt sa Phortaingéil lena bhfeabhsófar éifeachtúlacht, inscálaitheacht agus solúbthacht na monaraíochta cógaisíochta san Aontas (PharmSD 3.0) agus ardán le haghaidh na hintleachta saorga agus na monaraíochta cógaisíochta faoi thiomáint róbataice i gcomhar le heintitis atá bunaithe san Fhionlainn, sa tSualainn, sa Fhrainc, san Eastóin agus sa Ghearmáin (RoboPharma)[31].

[30]Féach Liosta na dtíortha rannpháirteacha i gClár EU4Health

[31] Tá tuilleadh sonraí maidir le líon roghnaithe tionscadal a bronnadh le fáil ag: https://strategic-technologies.europa.eu/step-documents_ga

FÍOR 6: Deighilt gheografach na ndeontas arna mbronnadh san earnáil bith-theicneolaíochtaí in 2024 ag cláir chistiúcháin a bhaineann le STEP de chuid an Aontais



Foinse: Tuairisciú ó Sheirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh.

Tháinig eintitis ón nGearmáin agus ón Iodáil chun cinn mar na príomhthairbhithe, agus fuair siad EUR 47 milliún agus EUR 34 mhilliún, faoi seach. Ina dhiaidh sin, fuair an Fhrainc EUR 19 milliún i ndeontais[32].

2.3. Cistí an Bheartais Comhtháthaithe

Bhí an beartas comhtháthaithe ar cheann de na príomh-rannchuiditheoirí le cuspóirí STEP a bhaint amach agus le hiomaíochas agus athléimneacht gheilleagar na hEorpa a neartú. I measc na bpríomhsholúbthachtaí agus na bpríomhdhreasachtaí a tugadh isteach le STEP don bheartas comhtháthaithe, bhí an fhéidearthacht infheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair nach FBManna iad a mhaoiniú faoi thosaíochtaí tiomnaithe STEP i gCiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, **rátaí cómhaoinithe níos mó suas le 100 % ar leibhéal na tosaíochta tiomnaithe do STEP** agus **30 % den leithdháileadh ar thosaíochtaí STEP arna íoc ag buiséad an Aontais mar réamh-mhaoiniú aonuaire 30 %**.

Chun freastal ar spéis mhór na mBallstát, i mí Aibreáin 2024, go gairid tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, d'eagraigh an Coimisiún Eorpach seimineár teicniúil[33], a bhí beartaithe go príomha d'údaráis bhainistíochta chistí an bheartais comhtháthaithe, chun a shoiléiriú conas ba cheart STEP a chur chun feidhme faoi chláir an bheartais comhtháthaithe agus chun treoraíocht a thabhairt maidir le raon feidhme STEP.

[32] I gcás tionscadail atá lonnaithe i níos mó ná suíomh amháin, ríomhtar méid na ranníocaíochta airgeadais a bronnadh ar an Réigiún sonrach/ar an mBallstát sonrach ar bhonn na ranníocaíochta airgeadais a bronnadh don eintiteas nó do na heintitis atá bunaithe ann.

[33] Inforegio — Seimineáir theicniúla 2021-2027, le fáil ag: https://ec.europa.eu/regional_policy/2021-2027/technical-seminars/step_en

Fuair an Coimisiún **an chéad bhabhta d'iarrataí ar leasú ar chláir faoin 31 Lúnasa 2024**, agus cistí á leithdháileadh ar infheistíochtaí STEP roimh an athbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais comhtháthaithe. Ó shin, tá comhairliúcháin neamhfhoirmiúla bhreise ar siúl le roinnt Ballstát, rud a fhágann go bhfuil iarrataí foirmiúla ar leasuithe ar chláir ann.

Ó dheireadh mhí na Nollag 2024, chuir **sé Bhallstát 41 leasú STEP isteach** lena bhformheas ag an gCoimisiún, dar luach **EUR 6.4 billiún de chistí an bheartais comhtháthaithe**. Táthar ag súil le leasuithe breise le linn 2025.

Seo a leanas an deighilt:

- EUR 4,8 billiún faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)
- EUR 838 mbilliún faoi Chiste Sóisialta na hEorpa + (CSE+)
- EUR 764 mhilliún faoi Chiste um Aistriú Cóir (CUAC)

2.3.1. Anailís ar úsáid STEP sa bheartas comhtháthaithe

Ón 31 Nollaig 2024, d'fhormheas an Coimisiún Eorpach 29 leasú STEP, arbh fhiú beagnach EUR 5,9 billiún iad, i sé Bhallstát (*féach tábla 2 agus fíor 7below*).

TÁBLA 2: Forléargas ar na leithdháiltí cistiúcháin in 2024 (i milliúin EUR)

Ballstát	Teideal	CFRE (m EUR)	CUAC (m EUR)	CSE+ (m EUR)	Iomlán (m EUR)
DE	Clár Ilchistí CFRE/CUAC na Réine Thuaidh-Viostfáile 2021-2027	200,20	301,60		501,8
DE	Clár CFRE 2021-2027 in Baden-Württemberg	62,22			62,2
DK	Teicneolaíochtaí Glasa agus Scileanna le haghaidh Aistriú Cóir		52,30		52,3
ES	Clár na Catalóine CFRE 2021-2027	113,51			113,5
DE	Clár CFRE 2021-2027 sa Bhaváir	104,54			104,5
DE	Clár CFRE 2021-2027 in Schleswig-Holstein	47,00			47,0
IT	RP Lazio CFRE 2021-2027	109,04			109,0
IT	CFRE 2021-2027 sa tSiclia	615,20			615,2
IT	RP Sardegna CFRE 2021-2027	166,01			166,0
ES	Clár Cantabria CFRE 2021-2027	15,53			15,5
IT	RP Lombardia CFRE 2021-2027	120,00			120,0
FR	Clár Hauts de France CFRE-CSE+-CUAC 2021-2027			34,87	34,9
IT	RP Campania CFRE 2021-2027	581,14			581,1
DE	Clár CFRE 2021-2027 in Mecklenburg-Vorpommern	138,69			138,7
ES	Clár Chomhphobal Mhaidrid CFRE 2021-2027	72,67			72,7
IT	RP Calabria CFRE CSE+ 2021-2027	264,45			264,5
IT	RP Puglia CFRE CSE+ 2021-2027	471,53			471,5
ES	Clár Aragon CFRE 2021-2027	23,44			23,4
RO	Sláinte	351,77		114,44	466,2
IT	RP Emilia-Romagna CFRE 2021-2027	61,46			61,5
IT	Taighde NP, nuálaíocht agus iomaíochas don aistriú glas agus don aistriú digiteach 2021-2027	558,46			558,5
IT	RP Umbria CFRE 2021-2027	31,42			31,4
RO	Fás cliste, digitiú agus ionstraimí airgeadais	271,01			271,0
RO	An tAistriú Cóir		266,33		266,3
FR	Clár régional Île-de-France et bassin de la Seine CFRE-CSE+ 2021-2027	35,19		12,48	47,7
DE	Bayern — CSE+			36,92	36,9
ES	Cantabria — CSE+			3,17	3,2
ES	Maidrid — CSE+			63,82	63,8
RO	Oideachas agus Fostaíocht — RO — CSE+			572,63	572,6
Iomlán	**29**	**4 414,5**	**620,2**	**838,3**	**5 873,0**

Foinse: Tuairisciú ó na Ballstáit.

FÍOR 7: Leithdháiltí iomlána STEP i gcláir a glacadh in 2024 (in EUR milliún)



Foinse: Tuairisciú ó na Ballstáit.

Dáileadh geografach infheistíochtaí STEP

Moladh formhór na n-infheistíochtaí a bhaineann le STEP leis na cláir réigiúnacha sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Iodáil agus sa Spáinn (féach

fíor 8: suíomh geografach an chláir a glacadh in 2024

below) — arb iad a léiríonn 23 as na 29 gclár a glacadh, le leithdháiltí STEP dar luach EUR 3,7 billiún (EUR 3,23 billiún CFRE, EUR 151 mhilliún CSE+ agus EUR 302 mhilliún CUAC). Bhí leasuithe ar fiú EUR 2,2 billiún iad sna sé chlár náisiúnta eile (EUR 1,18 billiún CFRE, EUR 687 milliún CSE+ agus EUR 319 milliún CUAC).

FÍOR 8: Suíomh geografach an chláir a glacadh in 2024



Foinse: Tuairisciú ó na Ballstáit.

FÍOR 9: Méid airgeadais leasuithe STEP in aghaidh an Bhallstáit in 2024 (arna chur isteach *vs.* arna ghlacadh, arna laghdú de réir méid)[34] (in EUR milliúin)



Foinse: Tuairisciú ó na Ballstáit.

Maidir le CFRE agus CSE+, rinneadh níos mó ná dhá thrian de leithdháiltí STEP a athchlárú faoi na réigiúin bheagfhorbartha[35].

[34] I gcás cláir ag a bhfuil tosaíochtaí tiomnaithe nó méideanna aitheanta atá tiomnaithe do STEP bunaithe ar leithdháiltí réimsí idirghabhála, agus sa chás sin amháin.

[35] Is iad 'réigiúin bheagfhorbartha', de réir Rialachán (AE) 2021/1060, réigiúin Bhallstáit an Aontais ar lú a nOlltáirgeacht Intíre (OTI) *per capita* ná 75 % de mheán-OTI 27 mBallstát den Aontas.

FÍOR 10: Méideanna airgeadais leithdháiltí STEP faoi CFRE agus CSE+ in aghaidh na catagóire réigiúin in 2024 (in EUR milliún)



Foinse: Tuairisciú ó na Ballstáit.

Dáileadh earnálach infheistíochtaí STEP

Is é is aidhm don bheartas comhtháthaithe, faoi chlárthréimhse 2021-2027, tacú le hEoraip níos cliste, níos glaise, níos nasctha, níos sóisialta agus níos cuimsithí agus atá níos gaire do na saoránaigh. Faoi na príomhchuspóirí beartais sin, tá cuspóirí sonracha níos mionsonraithe ann (féach Tairseach Sonraí Oscailte le haghaidh Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa - An Coimisiún Eorpach |Sonraí Oscailte Comhtháthaithe). Leis an **Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, tugadh isteach dhá chuspóir shonracha nua faoi CFRE agus faoin gCiste Comhtháthaithe (CC),** chun tacú le hinfheistíochtaí arb é is aidhm dóibh forbairt thionsclaíoch agus atreisiú slabhraí luacha in earnálacha straitéiseacha a neartú.

Déanfar níos mó ná **60 %** d'infheistíochtaí STEP faoi Chistí an Bheartais Comhtháthaithe a chur chun feidhme faoin **gcuspóir sonrach nua faoin gcuspóir beartais 'An Eoraip níos Cliste'**, agus thart ar **15 % le haghaidh teicneolaíochtaí glana maidir leis an gcuspóir beartais 'Eoraip níos Glaise' ina dhiaidh sin**. Tacóidh CSE+ le scileanna trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus bearta fostaíochta le 14 % d'infheistíochtaí STEP faoin gcuspóir beartais 'Eoraip Shóisialta'. Ar deireadh, déanfar 10 % d'infheistíochtaí STEP i réigiúin an aistrithe chóir faoi chuspóir sonrach CUAC (féach fíor 11).

FÍOR 11: Méid airgeadais leasuithe STEP de réir cuspóir beartais agus cuspóir sonrach in 2024* (in EUR milliún)



Foinse: Tuairisciú ó na Ballstáit.

*i gcás cláir lena mbaineann tosaíochtaí tiomnaithe amháin

Thart ar 60 % de na méideanna atá beartaithe faoi STEP atá sna hinfheistíochtaí táirgiúla. Tá infheistíochtaí i bhforbairt scileanna agus i dtaighde agus nuálaíocht is cúis le 15 % den leithdháileadh. Tacóidh thart ar 10 % le gníomhaíochtaí eile, amhail aistriú teicneolaíochta, tacaíocht do ghorlann ghnó, seach-chuideachtaí agus gnólachtaí nuathionscanta, chomh maith le seirbhísí atá nasctha leis an ngeilleagar ísealcharbóin agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide (féach fíor 12).

FÍOR 12: Méid airgeadais leasuithe STEP de réir earnála in 2024* (in EUR milliún)



Foinse: Tuairisciú ó na Ballstáit.

*(i gcás cláir ag a bhfuil tosaíochtaí tiomnaithe nó méideanna aitheanta atá tiomnaithe do STEP, agus sa chás sin amháin)

Ag zúmáil isteach i roinnt na n-infheistíochtaí táirgiúla de réir earnáil STEP, tá na hinfheistíochtaí roinnte go measartha cothrom (féach fíor 13). Sannadh an chuid is mó den leithdháileadh d'infheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair nach FBManna iad, agus úsáid á baint as an bhféidearthacht fiontair den sórt sin a mhaoiniú faoi CFRE le haghaidh tionscadail a bhaineann le STEP.

FÍOR 13: Infheistíochtaí táirgiúla de réir an chineáil fiontair agus na hearnála STEP i dtosaíochtaí 2024* (in EUR milliún)



Foinse: Tuairisciú ó na Ballstáit.

*(i gcás cláir ag a bhfuil tosaíochtaí tiomnaithe nó méideanna aitheanta atá tiomnaithe do STEP, agus sa chás sin amháin)

Na príomhéachtaí a bhfuiltear ag súil leo ó infheistíochtaí STEP

Bunaithe ar na príomhtháscairí aschuir agus toraidh a roghnaigh na Ballstáit sna cláir leasaithe, agus i gcomhréir le cuspóirí STEP, is féidir a thuiscint go ndéanfaidh acmhainní an bheartais comhtháthaithe teicneolaíochtaí straitéiseacha a bhaineann le STEP a chómhaoiniú i roinnt mhaith fiontar. Tá coinne le hinfheistíochtaí i dtuairim is 7 200 fiontar san iomlán ar fud 23 de na cláir a glacadh, 2 900 díobh in earnáil na dteicneolaíochtaí digiteacha, 3 000 díobh san earnáil ghlan agus beagnach 570 díobh san earnáil bith-theicneolaíochta. Táthar ag súil go gcruthófar 9 800 post leis na hinfheistíochtaí atá beartaithe sna heintitis a fhaigheann tacaíocht.

2.3.2. Glaonna ar thograí faoi chláir an bheartais comhtháthaithe

Tar éis na chéad leasuithe ar chlár STEP a fhormheas, thuairiscigh an Danmhairg agus an Ghearmáin ceithre ghlao STEP[36] faoi dheireadh 2024 a bhí cothrom le EUR 244 mhilliún[37].

Tábla 3: Forléargas ar chláir an bheartais comhtháthaithe in 2024

Ballstát	Teideal an chláir	Méid iomlán i milliúin EUR	Stádas an 31/12/2024
DK	Teicneolaíochtaí Glasa agus Scileanna le haghaidh Aistriú Cóir	45,5	Comhlánaithe
DE	Clár CFRE 2021-2027 sa Bhaváir	47,0	Fós ar siúl (spriocdháta 31/01/2025)
	Clár CFRE 2021-2027 in Schleswig-Holstein	11,4	Fós ar siúl (spriocdháta 31/08/2025)
	Clár Ilchistí CFRE/CUAC na Réine Thuaidh-Viostfáile 2021-2027	140.0	Fós ar siúl (spriocdháta 03/02/2025)
Iomlán		**243.9**	

Foinse: Tuairisciú ó na Ballstáit.

2.3.3. Tionscadail roghnaithe

Tá tionscadail roghnaithe cheana féin ag ceithre Bhallstát (an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Iodáil) faoi STEP, lena n-áirítear:

Roghnaíodh ceithre thionscadal sa **Danmhairg**, tar éis ghlao na Danmhairge 'Slabhraí luacha a fhorbairt laistigh de Chumhacht a thiontú go X', arb é is aidhm dóibh astaíochtaí CO2 a laghdú in earnálacha ar deacair iad a aistriú, lena mbunaítear margadh iomaíoch na Danmhairge le haghaidh hidrigin ghlas agus réitigh PtX (buiséad EUR 13 mhilliún). Áirítear orthu sin HYFLEX (Stóras Solúbtha Hidrigine le haghaidh Cumhacht a thiontú go X agus Optamú Eangach), arb é is aidhm dó stóráil hidrigine agus comhbhrúiteoirí hidrigine gaolmhara a bhunú ag a bhfuil toilleadh stórála deich dtona (500 MWh) agus oibriú an ghléasra PtX a bharrfheabhsú trí úsáid níos mó a bhaint as an táirgeadh cumhachta ó Solar Park Kassø, chomh maith le cothromú optamach an ghléasra a áirithiú i ndáil leis an eangach leictreachais phoiblí. Féach liosta na n-oibríochtaí roghnaithe anseo.

In **Île-de-France (an Fhrainc)**, bhunaigh an t-údarás bainistíochta ionstraim airgeadais chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta tionsclaíocha agus FBManna nuálacha a bhfuil ardacmhainneacht eacnamaíoch acu, in earnáil na teicneolaíochta glaine, ina gcéim réamhthionsclaithe agus leathnaithe. Féach liosta na n-oibríochtaí roghnaithe anseo.

Maidir le **Baden-Württemberg (an Ghearmáin)**, roghnaigh an t-údarás bainistíochta ceithre thionscadal, lena n-áirítear ceann amháin maidir le bonneagar micreatháirgthe agus fíoraithe a bhunú chun

[36] Sheol an Ghearmáin cúig ghlao eile, nach bhfuil tiomnaithe go hiomlán do STEP, rud a d'fhéadfadh tionscadail STEP a bheith mar thoradh orthu.

[37] Thuairiscigh an Ghearmáin, an Iodáil agus an Laitvia glaonna breise ag tús 2025.

'dlúthchórais chandamacha' a fhorbairt (costas iomlán EUR 5 mhilliún, EUR 3 mhilliún ó CFRE). Tá braisle theicneolaíochta chun córais chandamacha a tháirgeadh agus a fhíorú á bunú ag Institiúid Teicneolaíochtaí Candamacha Ionad Aeraspáis na Gearmáine. Forbróidh an tionscadal dlúthchórais chandamacha le haghaidh feidhmeanna spáis. Is é an sprioc atá ann córais chandamacha a aistriú ó oibriú taighde agus saotharlainne go feidhmiú, mar shampla, mar bhraiteoirí ar shatailítí. Féach liosta na n-oibríochtaí roghnaithe anseo.

Bhunaigh **réigiún Umbria (an Iodáil)** ionstraim airgeadais arb é is aidhm di tacú le FBManna infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt agus monarú teicneolaíochtaí i réimsí na dteicneolaíochtaí digiteacha, doimhne agus bith-theicneolaíochta, agus teicneolaíochtaí glana éifeachtúla trí thacaíocht mheasctha (iasacht agus deontas ina dhiaidh sin i bhfoirm maitheamh fiachais). Is é an aidhm atá ann tacú le FBManna a mbíonn sé níos deacra orthu rochtain a fháil ar chreidmheas chun infheistíocht a dhéanamh i nuálaíochtaí teicneolaíochta sna hearnálacha a bhfuil tuairisc orthu thuas. Féach liosta na n-oibríochtaí roghnaithe anseo.

2.4. An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta & InvestEU

Ón 31 Nollaig 2024, **tá teorainn le cur chun feidhme STEP faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA).** Níor leasaigh aon Bhallstát a bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta (PTAnna) chun tosaíocht STEP a chur isteach ná chun tacú le tionscadal ar bronnadh an Séala Ceannasachta air. Níor bhain aon Bhallstát úsáid as an tsolúbthacht mhéadaithe, a tugadh isteach le hAirteagal 19 den Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip[38], chun acmhainní STA a leithdháileadh ar urrann an Bhallstáit den chlár InvestEU le haghaidh infheistíochtaí a bhaineann le STEP, lenar féidir cistiú a shlógadh tar éis spriocdháta STA i mí Lúnasa 2026.

Mar a bhíothas ag súil leis, maidir leis an gceanglas ar na **Ballstáit tosaíocht a thabhairt do thionscadail ar bronnadh an Séala Ceannasachta orthu agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar a PTAnna, níor cuireadh chun feidhme go fóill é in 2024** ós rud é gur bronnadh na chéad Séalaí Ceannasachta ag deireadh 2024.

Chun glacadh STEP a éascú, chuir an Coimisiún treoraíocht agus tacaíocht bhreise ar fáil do na Ballstáit. I mí Iúil 2024, **leasaigh an Coimisiún Treoraíocht STA**[39] chun soiléiriú a dhéanamh ar an bpróiseas chun PTAnna a leasú chun acmhainní STA a leithdháileadh ar chuspóirí STEP. **Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil go rialta le PTNanna STEP agus leis na húdaráis náisiúnta** atá freagrach as PTAnna, chun faisnéis a scaipeadh, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an liosta de Shéalaí Ceannasachta a bronnadh ina dtíortha faoi seach.

[38] Le hAirteagal 19 den Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip leasaítear na Rialacháin lena rialaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA), lena gceadaítear do na Ballstáit suas le 6 % dá gcistí STA a dhíriú ar urrann an Bhallstáit den chlár InvestEU chun tacú le hinfheistíochtaí airgeadais i dteicneolaíochtaí a bhaineann le STEP — sa bhreis ar an bhféidearthacht aistrithe 4 % atá ann cheana, rud a fhágann gurb é 10 % an t-aistriú féideartha iomlán.

[39] Fógra C/2024/4618 ón gCoimisiún, Treoraíocht maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta

3. UIRLIS 3: Feabhas a chur ar infheictheacht le haghaidh tionscadail den scoth — Séala Ceannasachta

I measc na n-uirlisí a tugadh isteach leis an Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip chun tacú le forbairt agus monarú teicneolaíochtaí criticiúla, is lipéad cáilíochta é an Séala Ceannasachta a thugtar isteach faoi Airteagal 4 den Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip. Is é **an Coimisiún Eorpach a bhronnann é chun aitheantas a thabhairt do thionscadail ardcháilíochta** ar fud an mhargaidh inmheánaigh. Bronntar é ag deireadh an phróisis roghnúcháin faoi na cúig chlár atá á mbainistiú go díreach ag an gCoimisiún agus a rannchuidíonn le STEP: an Ciste Eorpach Cosanta, Fís Eorpach, an Clár don Eoraip Dhigiteach, an Ciste don Nuálaíocht, agus EU4Health.

3.1. Critéir incháilitheachta

De bhun Airteagal 4(1) den Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, bronnann an Coimisiún Séala Ceannasachta ar aon tionscadal a chomhlíonann dhá choinníoll:

- **Ailíniú straitéiseach**: rannchuidíonn sé go díreach le cuspóirí STEP, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip agus mar a mhínítear a thuilleadh i Nóta Treorach STEP[40].
- **Barr feabhais**: go gcomhlíonann sé na híoscheanglais cháilíochta, go háirithe critéir incháilitheachta, eisiaimh agus dhámhachtana, dá bhforáiltear sa ghlao sonrach ar thograí faoina bhfuil measúnú á dhéanamh air.

Sa chleachtas, **dearann seirbhísí an Choimisiúin glaonna tiomnaithe ar thograí (i.e. 'glaonna') chun cuspóirí STEP a chur chun feidhme**. Tograí a chuirfear isteach le haghaidh na nglaonna tiomnaithe, a chomhlíonann na ceanglais cháilíochta tar éis measúnú a fháil ó sheirbhísí an Choimisiúin, gheobhaidh siad Séala Ceannasachta. Féadfaidh tionscadal Séala Ceannasachta a fháil fiú mura bhfaigheann sé cistiú díreach mar gheall ar bhuiséad teoranta glao ar leith ar thograí.

Déantar measúnú críochnúil ón gCoimisiún ar thionscadail arna bhformheas faoi chreat na **dTionscadal Tábhachtach ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI)**. Cé go bhféadfadh an Séala Ceannasachta cuidiú leis na tionscadail sin rochtain a fháil ar chistiú, amhail cistí comhtháthaithe, ní dhéantar foráil sa

[40] Teachtaireacht C/2024/3209 ón gCoimisiún, Nóta Treorach maidir le forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2024/795 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), 2024, le fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:C_202403209

Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip go mbronnfar Séalaí Ceannasachta ar thionscadail IPCEI.

Tá an Séala Ceannasachta cosúil leis an **Séala Bairr Feabhais**, a bhronntar faoi láthair ar thionscadail a ndéantar measúnú orthu faoi chláir, i measc nithe eile, amhail Fís Eorpach agus an Eoraip Dhigiteach, nach bhfuair cistiú mar gheall ar an easpa buiséid atá ar fáil i nglao ar leith. Leis an Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, tugtar an stádas céanna don Séala Ceannasachta agus atá ag an Séala Bairr Feabhais, maidir le rochtain ar chistí an bheartais comhtháthaithe a éascú (*féach thíos*).

Mar sin féin, murab ionann agus an Séala Bairr Feabhais, **bronntar an Séala Ceannasachta ar thionscadail arna gcistiú (go páirteach nó go hiomlán), rud a réitíonn an bealach do mheascáin chistiúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann**. Baineann an Séala Bairr Feabhais le raon sonrach gníomhaíochtaí cistiúcháin de chuid an Aontais faoin gclár Fís Eorpach[41].

3.2. Dámhachtain an tSéala Ceannasachta

Tá próiseas bronnta an tSéala Ceannasachta ceaptha le bheith simplí agus soláimhsithe. **Ní gá do thionscnóirí tionscadail iarratas ar leithligh a dhéanamh**; maidir le tionscadail a dhéanann iarratas ar ghlaonna a bhfuil lipéad STEP orthu faoi na cúig chlár incháilithe, déantar iad a mheasúnú go huathoibríoch le haghaidh an tSéala Ceannasachta. Bronntar an Séala Ceannasachta in éineacht le torthaí an ghlao, agus faigheann faighteoirí deimhniú ar líne agus bróisiúr míniúcháin a d'ullmhaigh an Coimisiún Eorpach.

Foilsítear tionscadail a bhronntar ar Thairseach STEP ar dheais thiomnaithe[42], i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais[43]. Maidir le glaonna inar chinn an Coimisiún srianta slándála a ghníomhachtú faoi Airteagal 136 den Rialachán Airgeadais nó faoi Airteagail ghaolmhara i ngníomhartha na gclár faoi seach, a bhaineann le sócmhainní agus leasanna straitéiseacha an Aontais, féadfaidh feidhm a bheith ag coinníollacha breise. I gcásanna den sórt sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le measúnú ar rialú úinéireachta (MRÚ), ach ní dhéantar é ach amháin má roghnaítear an tionscadal lena chistiú. I gcás thionscadail an tSéala Ceannasachta faoi ghlaonna atá srianta ó thaobh na slándála de, nach bhfuair cistiú, d'fhéadfadh sé nach mbeadh na dreasachtaí nasctha ar fáil go dtí go ndéanfar MRÚ.

3.3. Na buntáistí a bhaineann le Séala Ceannasachta a fháil

Tugadh an Séala Ceannasachta isteach sa Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip chun **rochtain ar chistiú malartach nó comhlántach ó chláir an Aontais agus ó**

---

[41]Tairbhíonn an Séala Bairr Feabhais de dhíolúintí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Blocdhíolúine, agus ní thairbhíonn an Séala Ceannasachta de sin.

[42] Féach https://strategic-technologies.europa.eu/investors_ga

Le hAirteagal 125 de Rialachán 2024/2509 (AE) maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (i.e., an Rialachán Airgeadais), ceanglaítear ar an gCoimisiún faisnéis a fhoilsiú maidir le faighteoirí cistí a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Le fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:L_202402509

infheisteoirí príobháideacha a éascú, lena n-áirítear cistí an bheartais comhtháthaithe, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an Ciste don Nuachóiriú, agus InvestEU[44].

Tá an cinneadh deiridh maidir le tacaíocht airgeadais bhreise fós ag na húdaráis atá freagrach as acmhainní buiséadacha an Aontais a bhainistiú sna Ballstáit, amhail iad siúd a dhéanann maoirseacht ar chistí an bheartais comhtháthaithe agus ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

In 2024, d'áirithigh Tascfhórsa STEP an Choimisiúin gur foilsíodh tionscadail lipéadaithe ar Thairseach STEP[45], agus go dtugtar an liosta cothrom le dáta go rialta agus go ndéantar é a chomhroinnt go gníomhach le Pointí Teagmhála Náisiúnta STEP. Scaip Tascfhórsa STEP an fhaisnéis sin freisin ar sheirbhísí ábhartha de chuid an Choimisiúin a thacaíonn leis na Ballstáit chun cistiú ón Aontas a chur chun feidhme, lena n-áirítear AS REGIO, AS ECFIN, agus SG-REFORM.

Sa chéad bhliain de chur chun feidhme STEP, tháinig dúshláin tosaigh chun cinn maidir le héifeachtacht an tSéala Ceannasachta mar uirlis éascaithe cistiúcháin.

Mar shampla, **d'fhéadfadh sé a bheith casta foinsí cistiúcháin éagsúla a chomhcheangal mar gheall ar mhodheolaíochtaí éagsúla a úsáideann údaráis deonaithe**. Mar shampla, agus costais tionscadail á n-aisíoc, is minic a úsáideann an Coimisiún 'roghanna costais simplithe'[46]. Leis na modhanna sin, aisíoctar costais tionscadail bunaithe ar mheastacháin chostais nó ar bhaint amach garspriocanna tionscadail réamhshainithe. Tá dúshláin ag baint leis na cineálacha cur chuige sin a ailíniú le córais aisíocaíochta bunaithe ar chostais iarbhír arna dtabhú, go háirithe maidir le comhlíonadh an toirmisc ar chistiú dúbailte a áirithiú[47], rud a chuireann cosc ar aon ítim chostais níos mó ná 100 % dá chistiú a fháil ó bhuiséad an Aontais.

Déanfar iad sin a fhiosrú a thuilleadh i dtuarascáil meastóireachta eatramhaí STEP atá le teacht sa dara leath de 2025.

3.4. Staid na hImeartha

Bronnadh na chéad Séalaí Ceannasachta i mí Dheireadh Fómhair 2024 — ach amháin nuair a cuireadh an próiseas meastóireachta le haghaidh na gcéad ghlaonna atá ailínithe le STEP i gcrích. **In 2024, bronnadh 162 Shéala Ceannasachta ar an iomlán** faoi chúig thopaic ghlao maidir le glao 2023 ar an gCiste don Nuálaíocht, an dá thopaic a bhaineann le Fís Eorpach — glao spáis Cholún II ar thogra agus na trí thopaic a bhaineann le EU4Health. Maidir leis na Séalaí Ceannasachta a bronnadh faoin gCiste don Nuálaíocht,

---

[44] I measc na n-éascuithe a tugadh isteach leis an Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, is féidir le húdaráis bhainistíochta Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus Chiste Sóisialta na hEorpa+ (CSE+) tionscadail an tSéala Ceannasachta a chistiú go díreach gan glao nua ar thograí a sheoladh, ar choinníoll go gcomhlíonann na tionscadail coinníollacha an chláir. Ar an gcaoi chéanna, leis an Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ceanglaítear ar na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do thionscadail dá mbronntar Séala agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar a bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta nó infheistíochtaí óna sciar den Chiste don Nuachóiriú á leithdháileadh acu agus iad a mheas sna nósanna imeachta a bhaineann le roghnú infheistíochtaí ag BEI agus sna 'seiceálacha beartais' a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/523, i.e. Rialachán InvestEU.

[45] Féach https://strategic-technologies.europa.eu/investors_ga

[46] Déantar foráil le hAirteagal 125 den Rialachán Airgeadais go bhféadfaidh ranníocaíochtaí ón Aontas faoi bhainistíocht dhíreach, chomhroinnte nó indíreach a bheith i bhfoirm maoiniú nach bhfuil nasctha le costais na n-oibríochtaí ábhartha bunaithe ar (i) chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach i rialacha earnáilsonracha nó i gcinntí ón gCoimisiún nó (ii) bhaint amach torthaí arna dtomhas trí thagairt a dhéanamh do gharspriocanna a socraíodh roimhe sin nó trí tháscairí feidhmíochta.

[47] In Airteagal 194 den Rialachán Airgeadais, cé go gceadaítear cómhaoiniú ó línte buiséid ar leithligh, leagtar síos an méid seo a leanas: 'ní dhéanfar, in imthosca ar bith, na costais chéanna a mhaoiniú faoi dhó ón mbuiséad'.

bronnadh iad ar thionscadail i réimse na dteicneolaíochtaí glana atá tíosach ar acmhainní, agus tá na Séalaí a bronnadh faoin gclár Fís Eorpach agus EU4Health ábhartha do na hearnálacha digiteacha agus bith-theicneolaíochtaí faoi seach.

TÁBLA 4: Achoimre ar na Séalaí Ceannasachta a bronnadh faoi na glaonna ar thograí a bhaineann le STEP in 2024

Ainm an Ghlao	Ainm Topaice an Ghlao	Séalaí
InnovFund-2023-NZT	Mórscála	80
	Meánscála	16
	Mionscála	8
	Scéimeanna píolótacha	20
	Monaraíocht Teicneolaíochta Glaine	25
	Iomlán	**149**

Ainm an Ghlao	Ainm Topaice an Ghlao	Séalaí
HORIZON-CL4-2024-SPACE-01	Staidéar Chéim B de Mheá-mhéadracht Spáis Chandamaigh & Aibíocht na Teicneolaíochta	0
	Teicneolaíochtaí spáis le haghaidh neamhspleáchas agus iomaíochas na hEorpa	6
	Iomlán	**6**

Ainm an ghlao	Ainm topaice an ghlao	Séalaí
EU4H-2024-PJ-01	An Mol Eorpach Forbartha Vacsaíní	1
	Glao ar thograí chun tacú le frithvíreasaigh nua a fhorbairt	1
	Glao ar thograí chun tacú le teicneolaíochtaí agus próisis nuálacha mhonaraíochta san Aontas chun táirgí íocshláinte a tháirgeadh	5
	Iomlán	**7**

Foinse: Tuairisciú ó Sheirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh.

As 162 thionscadal ar bronnadh an Séala Ceannasachta orthu, réamhroghnaíodh 98 dtionscadal le haghaidh deontais leis an nglao ar thograí faoina ndearnadh measúnú orthu. Tugadh cuireadh freisin do gach tionscadal ar bronnadh an Séala Ceannasachta orthu faoin gclár Fís Eorpach agus faoi EU4Health agus do 85 thionscadal ar bronnadh an Séala orthu faoin gCiste don Nuálaíocht chun comhaontú deontais a ullmhú. I bhformhór na gcásanna, cumhdófar leis na deontais a bhronnfar cuid de chostas na dtionscadal incháilithe (e.g. 60 % ar a mhéad den bhearna chistiúcháin don Chiste don Nuálaíocht), rud a fhágfaidh go mbeidh deis ann cistiú breise féideartha a fháil. Ní bhfuair na 64 thionscadal eile a ndearnadh meastóireacht dhearfach orthu faoin gCiste don Nuálaíocht deontais mar gheall ar shrianta buiséadacha

ach bronnadh an Séala Ceannasachta orthu fós mar gheall ar a n-acmhainneacht láidir agus a bhfiúntas teicniúil.

FÍOR 14: Miondealú ar an líon tionscadal ar bronnadh an Séala Ceannasachta orthu de réir stádas cistiúcháin agus de réir an chláir bhronnta.



Foinse: Tuairisciú ó Sheirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh.

Bunaithe ar an topaic faoina ndearnadh measúnú orthu, bhí formhór na dtionscadal a bronnadh ailínithe le cuspóir STEP maidir le tacú le forbairt agus/nó monarú na dteicneolaíochtaí criticiúla ar fud an Aontais, nó a slabhraí luacha faoi seach a chosaint agus a neartú.

In 2024, níor tugadh aghaidh go sonrach in aon tionscadal Séala Ceannasachta ar ghanntanais saothair agus scileanna in earnálacha STEP.

Maidir le dáileadh geografach, bhí formhór na dtionscadal ar bronnadh Séalaí Ceannasachta orthu lonnaithe[48] sa Fhrainc (29 Séala), sa Ghearmáin (25 Shéala), sa Spáinn (22 Shéala), san Iodáil (19 Séala) agus sa tSualainn (14 Shéala).

[48] Meastar go bhfuil Séala Ceannasachta faighte ag tír má tá tionscadal amháin ar a laghad a bhfuil Séala bronnta air lonnaithe go páirteach nó go hiomlán laistigh dá teorainneacha, fiú i gcás tionscadail illonnaithe.

FÍOR 15: Dáileadh geografach na Séalaí Ceannasachta a bronnadh in 2024[49]



Foinse: Tuairisciú ó Sheirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh.

I dtéarmaí **réigiúnacha**, ba iad Cataluña (an Spáinn) agus an Lombaird (an Iodáil) na réigiúin de chuid an Aontais a fuair an líon is airde Séalaí Ceannasachta, agus bhí cúig Shéala Ceannasachta ag gach ceann de na réigiún sin in earnáil na teicneolaíochta glaine, bhí ceithre cinn ag Île-de-France (an Fhrainc) le haghaidh teicneolaíochtaí digiteacha agus dhá cheann le haghaidh bith-theicneolaíochtaí, agus bhí dhá cheann ag Oberbayern (an Ghearmáin) le haghaidh teicneolaíochtaí digiteacha agus dhá cheann le haghaidh bith-theicneolaíochtaí.

[49] Déantar Séalaí Ceannasachta a bhronntar ar chuibhreannais iltairbhithe a chomhaireamh faoi gach Ballstát ina bhfuil eintiteas rannpháirteach bunaithe.

4. UIRLIS 4: Rochtain ar chistiú a éascú trí Thairseach STEP

4.1. Tairseach STEP: ionad ilfhreastail d'iarratasóirí tionscadail, d'údaráis phoiblí agus d'infheisteoirí

De bhun Airteagal 6 den Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, eisíodh an chéad leagan de thairseach STEP (Tairseach Cheannasachta) **go poiblí an 29 Aibreán 2024, níos lú ná 2 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin**. Dhírigh sí ar na cúig chlár de chuid an Aontais faoi raon feidhme STEP atá á mbainistiú go díreach ag an gCoimisiún, agus taispeánadh faisnéis faoi na nithe seo a leanas:

- glaonna ar thograí atá ar siúl faoi láthair agus atá ar na bacáin lena rannchuidítear le cuspóirí STEP;
- liosta teicneolaíochtaí a thagann faoi raon feidhme STEP;
- faisnéis dhlúth maidir le STEP agus na cláir atá mar bhonn taca leis;
- an fhéidearthacht aiseolas agus ceisteanna a sheoladh, agus liostáil le Nuachtlitir STEP;
- naisc chuig acmhainní atá ann cheana (e.g. seirbhísí comhairleacha, príomhthionscnaimh de chuid an Choimisiúin a thacaíonn le cuspóirí STEP, etc.).

Mar fhreagairt ar aiseolas ó úsáideoirí, eisíodh **leagan athchóirithe de thairseach STEP i mí Mheán Fómhair 2024**. Tugadh isteach an leagan seo atá cothrom le dáta:

- **struchtúr úsáideoir-lárnach** a chuireann ábhar in oiriúint chun freastal ar riachtanais shonracha na bpríomhphobal a ndírítear orthu: tionscnóirí tionscadail, Údaráis Bhainistíochta bhuiséad an Aontais sna Ballstáit, agus infheisteoirí príobháideacha. Cruthaíodh ranna tiomnaithe do gach grúpa, lena n-áirithítear rochtain níos éasca ar fhaisnéis ábhartha;
- íomhánna agus grafaicí faisnéise feabhsaithe, feabhas a chur ar dhearadh na Tairsí agus a **sainaitheantas físeach** a neartú;
- **deais 'Faigh Cistiú'**, ina liostaítear na glaonna uile ar thograí a bhaineann le STEP agus úsáid á baint as na sonraí ó Thairseach 'Cistiú agus Tairiscintí' an Aontais mar chnámh droma, agus lena n-atreoraítear tionscnóirí tionscadail chuig tairiscintí le haghaidh an iarratais iarbhír ar ghlaonna sonracha;
- **léarscáil idirghníomhach de PTNanna STEP**;
- **deais na Séalaí Ceannasachta**, lena dtugtar léargais mhionsonraithe ar thionscadail ar bronnadh an Séala Ceannasachta orthu ar fud an Aontais;
- léarscáil ina gcuirtear i dtábhacht na Ballstáit/Réigiúin a chuir deiseanna cistiúcháin ar fáil do **STEP faoina gcláir Beartais Comhtháthaithe**.

Tar éis di a bheith ar líne ar feadh 8 mí, feidhmíonn tairseach STEP anois mar ardán tarraingteach inrochtana do na páirtithe leasmhara uile. Bunaíodh Tairseach STEP mar **ionad ilfhreastail cuimsitheach** a ceapadh chun na deiseanna cistiúcháin uile atá ar fáil a chur i láthair trí chistiú ón Aontas d'earnálacha straitéiseacha a cuireadh i leataobh faoi STEP, gan dúbláil a dhéanamh ar na córais atá ann cheana toisc go mbraitheann sé go páirteach ar an Tairseach 'Cistiú agus Tairiscintí'.

4.2. STEP mar phointe iontrála aonair píolótach chuig cistiú ón Aontas

Ceann de na cuspóirí atá ag Tairseach STEP mar a leagtar amach sa Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ab ea measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé faisnéis faoi chláir de chuid an Aontais a chur ar fáil ar thairseach aonair de chuid an Aontais, chun deiseanna cistiúcháin uile an Aontais a thabhairt níos gaire do thairbhithe féideartha agus feabhas a chur ar a dtrédhearcacht i leith shaoránaigh an Aontais.

Faoi threoir cur chuige atá dírithe ar an úsáideoir, rinne Tascfhórsa STEP **suirbhé uile-Aontais maidir le rochtain ar chistiú ón Aontas** ó lár mhí Mheán Fómhair go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2024 inar bailíodh beagnach 500 freagra ó gach ceann de na 27 mBallstát. Ag an am céanna, rinneadh **30 agallamh dhéthaobhacha** le sampla de thairbhithe féideartha, comhlachais tionscail, pointí teagmhála náisiúnta (de chuid STEP agus cláir eile de chuid an Aontais amhail Fís Eorpach), agus cuideachtaí comhairliúcháin.

Ba iad seo a leanas na príomhphointí:

- Tá dúshláin roimh iarratasóirí maidir le faisnéis a fháil faoi chistiú ón Aontas

FÍOR 16: An bhfuil sé éasca teacht ar fhaisnéis faoi chistiú ón Aontas?



Foinse: Suirbhé uile-Aontais ar rochtain ar chistiú ón Aontas a rinneadh ó lár mhí Mheán Fómhair go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2024.

FÍOR 17: Dúshláin nuair atáthar ag lorg faisnéis chistiúcháin (% d'úsáideoirí)



Foinse: Suirbhé uile-Aontais ar rochtain ar chistiú ón Aontas a rinneadh ó lár mhí Mheán Fómhair go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2024.

- Ní thugann úsáideoirí nua agus úsáideoirí a bhfuil taithí acu ach scór 5/10 ar cé chomh éasca atá sé faisnéis a fháil ar chistiú ón Aontas, rud a léiríonn go bhfuil an **taithí fhoriomlán dúshlánach** gan beann ar an leibhéal taithí atá ag an úsáideoir.
- Chuir an chuid is mó díobh in iúl go mbaineann na deacrachtaí leis na céimeanna feasachta agus aitheantais, rud a dheimhníonn go bhfuil tírdhreach reatha dheiseanna cistiúcháin an Aontais **ródheacair a léamh agus a stiúradh** ('Ní mór dom faisnéis nua a scanadh go han-mhinic [gan meabhrúcháin úsáideacha]', 'Tagann mearbhall orm maidir leis na hamlínte foriomlána [oscailt, dúnadh, dáta dlite]', 'tá sé deacair méideanna cistiúcháin incháilithe a thuiscint [cad iad na costais incháilithe]')
- Dá bhrí sin, **ní mór d'úsáideoirí brath go mór ar thacaíocht sheachtrach**: bíonn acmhainní saor in aisce á lorg acu go háirithe amhail imeachtaí agus seimineáir ghréasáin ach ní mór do 33 % d'úsáideoirí brath ar shaineolaithe gairmiúla íoctha nó ar chomhairleoirí íoctha chun treoraíocht a fháil. Dá bhrí sin, bíonn costas ag baint le deiseanna cistiúcháin an Aontais a shainaithint do pháirtithe leasmhara fiú sula gcuireann siad tús leis an bpróiseas iarratais.
- Lorgaíonn páirtithe leasmhara **tairseach chistiúcháin de chuid an Aontais** atá soiléir agus éasca.
- Is iad na **cainéil oifigiúla** an phríomhfhoinse faisnéise i gcónaí. Dá bhrí sin, tá ionchais arda i measc na bpáirtithe leasmhara maidir le tairseach shoiléir, éasca le nascleanúint agus le tuiscint lena mbaileofar na deiseanna cistiúcháin uile a eascraíonn as buiséad an Aontais.
- Déantar **foinsí neamhoifigiúla** amhail imeachtaí agus líonraí gairmiúla a ghiaráil go mór le haghaidh faisnéis bhreise agus nuashonruithe breise.

Ionad ilfhreastail: Ionchais úsáideoirí réamhbhreathnaitheacha

In 2024, rinne Tascfhórsa STEP a dhícheall Tairseach STEP a chur ar fáil a d'fhágfadh go mbeadh saol na n-iarratasóirí tionscadail níos éasca agus, ar an gcaoi sin, go mbeadh níos mó taighdeoirí/cuideachtaí in ann rochtain a fháil ar chistiú ón Aontas — rud a chomhlíon an cuspóir a leagtar amach in Airteagal 6 den Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip a mhéid a bhaineann le simpliú agus trédhearcacht. Deimhníodh an taithí dhearfach ar **Thairseach STEP:** Bhí 1/3 de na freagróirí

ar an eolas cheana féin faoi STEP (a léiríonn tionchar maith for-rochtana i bhfianaise na tréimhse giorra a bhí ar fáil), agus d'fhéadfadh beagnach 90 % díobh an fhaisnéis a bhí ag teastáil uathu a aimsiú.

Chonaic triúr as gach ceathrar freagróirí go raibh luach ag baint le **hionad ilfhreastail ina gcomhcheanglaítear deiseanna cistiúcháin an Aontais agus deiseanna cistiúcháin náisiúnta**.

Chuir úsáideoirí i dtábhacht **an cineál faisnéise atá riachtanach**: is iad spriocdháta agus amlíne ghlao, ceanglais incháilitheachta agus raon feidhme, cineál cistiúcháin agus méid na trí cinn is mó.

FÍOR 18: Cad í an fhaisnéis is tábhachtaí le sainaithint?



Foinse: Suirbhé uile-Aontais ar rochtain ar chistiú ón Aontas a rinneadh ó lár mhí Mheán Fómhair go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2024.

Ionsamhlóir a chur ar bun chun treoraíocht a thabhairt do FBManna maidir le deiseanna cistiúcháin an Aontais

Chun an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 8 den Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip a chomhlíonadh maidir lena indéanta atá sé ionsamhlóir a chur ar bun, thionscain Tascfhórsa STEP obair cheana féin in 2024 maidir le **tionscadal bota comhrá STEP a d'fhéadfadh a bheith ann a úsáideann an intleacht shaorga** (IS). Ba cheart go gcuideodh uirlis den sórt sin le hiarratasóirí tionscadail deiseanna cistiúcháin a shainaithint ar bhealach níos fearr a bhfuil siad incháilithe dóibh ar bhonn éilimh (i.e., agus ionchur an úsáideora nó smaoineamh tionscadail á chur san áireamh). Le cur chuige nua den sórt sin, dhéanfaí athrú ó bhonn ar an gcóras cistiúcháin ón Aontas atá ann cheana, atá **bunaithe ar thairiscintí** faoi láthair, lena gceanglaítear ar iarratasóirí féachaint ar raon leathan clár chun deiseanna cistiúcháin ábhartha a shainaithint.

Ag brath ar riachtanais úsáideoirí a cuireadh in iúl sa suirbhé, fuair Tascfhórsa STEP léargas níos soiléire ar an gcaoi a bhféadfadh an intleacht shaorga cuidiú le deiseanna cistiúcháin an Aontais a shainaithint:

- Bíonn úsáideoirí ag súil go gcuirfear ar fáil le IS **faisnéis shoiléir & tacaíocht ionduchtaithe** chun deiseanna cistiúcháin an Aontais a shainaithint;
- Is mór ag formhór na n-úsáideoirí **an intleacht shaorga mar chúnamh** chun na deiseanna cistiúcháin is ábhartha a shainaithint;
- Níor léirigh úsáideoirí **spéis in IS a úsáid le haghaidh meaitseálacha** (comhpháirtithe a aimsiú le haghaidh tionscadail iltairbhithe);
- Is iad **iontaofacht** agus **cruinneas na faisnéise** na saintréithe is luachmhaire a mbíonn úsáideoirí ag súil leo ó chúnamh IS;

- Measann úsáideoirí ó Bhallstáit Oirthear na hEorpa go bhfuil an **tacaíocht ilteangach** 'deas nuair a bhíonn sé agat', ach ní gá í a bheith agat i gcomparáid leis an méid thuas.

5. Rannchuidiú le cuspóirí fadtéarmacha maidir le hiomaíochas

Trí infheistíochtaí a stiúradh i nuálaíocht dhigiteach agus teicneolaíochta doimhne, i dteicneolaíochtaí glana atá tíosach ar acmhainní, agus i mbith-theicneolaíochtaí, **neartaíonn STEP iomaíochas na hEorpa trí fheabhas a chur ar athléimneacht thionsclaíoch agus acmhainneacht nuálaíochta**. Murab ionann agus ciste neamhspleách, oibríonn STEP trí ionstraim airgeadais an Aontais atá ann cheana a chomhtháthú agus a chomhordú — lena gcomhcheanglaítear cistí arna mbainistiú go díreach ag an gCoimisiún agus cistí arna mbainistiú ag na Ballstáit — lena n-áirithítear go ndírítear infheistíocht phoiblí ar bhealach níos éifeachtaí ar thosaíochtaí criticiúla tionsclaíocha agus teicneolaíocha.

Tá STEP ag ailíniú go dlúth leis an **gCompás Iomaíochais**[50], creat fadtéarmach an Aontais le haghaidh athléimneacht eacnamaíoch agus neart tionsclaíoch. Príomhthosaíocht de **Thuarascáil Bhliantúil 2025 maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas**[51] is ea infheistíocht straitéiseach sa taighde agus sa nuálaíocht (T&N) a mhéadú agus feabhas a chur ar an rochtain ar mhaoiniú do chuideachtaí ardfháis — cuspóirí a dtacaíonn STEP go díreach leo tríd an Séala Ceannasachta, Tairseach STEP, agus cistiú os cionn EUR 10 mbilliún a ailíniú in 2024.

Trí chistiú na bainistíochta dírí agus comhroinnte a chomhtháthú, **nascann STEP neamh-chomhtháthú cistiúcháin**, rud a áirithíonn cur chuige níos straitéisí agus níos dírithe ar thionchar i leith infheistíochtaí an Aontais in earnálacha ardtionchair. Áirithítear le STEP go dtacóidh sásraí cistiúcháin an Aontais ar bhealach níos fearr le huas-scálú teicneolaíochta agus le hiomaíochas tionsclaíoch fadtéarmach.

Ina chéad bhliain, **d'éascaigh STEP rochtain níos fearr ar mhaoiniú, thacaigh sé le teicneolaíochtaí teorann, agus cumasaíodh leithdháileadh níos straitéisí acmhainní an Aontais**. Amach anseo, beidh comhordú leanúnach agus infheistíochtaí spriocdhírithe ríthábhachtach chun nuálaíocht na hEorpa a mhéadú, slabhraí soláthair a dhaingniú, agus an t-iomaíochas domhanda a choinneáil ar bun.

6. Conclúid

Sa chéad bhliain dá oibríocht in 2024, **léirigh STEP a luach mar chatalaíoch don infheistíocht straitéiseach**, agus os cionn EUR 10 mbilliún á stiúradh i dtreo teicneolaíochtaí criticiúla. Trí 11 chlár de chuid an Aontais agus na Ballstáit a ailíniú leis na cuspóirí céanna, tá feabhas curtha ag STEP ar shineirgí idir foinsí cistiúcháin, tá rochtain níos fearr ar mhaoiniú le haghaidh tionscadail ardcháilíochta, agus treisíodh iomaíochas fadtéarmach agus ceannasacht theicneolaíoch na hEorpa.

---

[50] Teachtaireacht COM(2025) 30 ón gCoimisiún, Compás Iomaíochais don Aontas, le fáil ag: https://commission.europa.eu/topics/eu-competitiveness_ga

[51] Teachtaireacht COM(2025) 26 ón gCoimisiún, Tuarascáil Bhliantúil 2025 maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas, le fáil ag: https://single-market-economy.ec.europa.eu/publications/2025-annual-single-market-and-competitiveness-report_ga

Chun STEP a chur chun feidhme, bhí gá le **hiarrachtaí forleathana comhordúcháin** i bhfianaise mhéid na hilchineálachta ar fud na gclár atá mar bhonn taca agus na ndúshlán chun **sineirgí a chruthú** eatarthu — déantar é sin a fhiosrú a thuilleadh sa tuarascáil meastóireachta eatramhaí ar STEP.

Ag féachaint chun cinn go 2025, díreoidh STEP ar a thionchar a dhoimhniú tríd an méid seo a leanas:

- **Raon feidhme STEP a leathnú chuig teicneolaíochtaí cosanta** mar an ceathrú hearnáil teicneolaíochta, mar chuid den mhionphacáiste cosanta omnibus a mhol an Coimisiún i mí Aibreáin 2025[52].
- **Deiseanna cistiúcháin a mhéadú** trí ghlaonna atá ailínithe le STEP a leathnú faoin gclár Fís Eorpach, faoin gCiste don Nuálaíocht, agus faoin gCiste Eorpach Cosanta, lena n-áiritheofar píblíne sheasta infheistíochta in earnálacha straitéiseacha.
- **Rannpháirtíocht níos mó na mBallstát a spreagadh** sa Bheartas Comhtháthaithe agus sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) chun acmhainní breise a shlógadh do thionscadail STEP.
- **Feabhas a chur ar ról an tSéala Ceannasachta maidir le foinsí cistiúcháin malartacha agus comhlántacha a chur ar fáil**, lena n-áirithítear gur féidir le tionscadail chistithe agus neamhchistithe araon infheistíocht a mhealladh.
- **Tairseach STEP a neartú trí uirlisí atá cumhachtaithe ag an intleacht shaorga a chomhtháthú** chun cistiú ón Aontas a dhéanamh níos inrochtana do ghnólachtaí, do thaighdeoirí agus do thionscnóirí tionscadail.

Thairis sin, **leanfaidh STEP de bheith ag forbairt mar ionstraim de bheartas tionsclaíoch an Aontais.** Trí chomhordú láidir a choinneáil ar bun idir cláir an Aontais, na Ballstáit agus infheisteoirí príobháideacha, leanfaidh STEP ar aghaidh mar cheann de na nithe a spreagann iomaíochas na hEorpa go fadtéarmach.

[52] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/694, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697, (AE) 2021/1153, (AE) 2023/1525 agus 2024/795 a mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí maidir le cosaint a dhreasú i mbuiséad an Aontais chun an Plean ReArm Europe a chur chun feidhme (22 Aibreán 2025), le fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:52025PC0188